2019/68	Agriculture, Food and the Marine	Irish Land Commission Fair Rent files for County Leitrim, c1881–c1923. (Note: the Irish Land Commission is a scheduled body under the National Archives Act, 1986 but has been referenced here as the transfer was prepared by the Department of Agriculture, Food and the Marine).
2019/149	Agriculture, Food and the Marine	Irish Land Commission Fair Rent files for County Offaly [King's County], c1881–c1923. (Note: the Irish Land Commission is a scheduled body under the National Archives Act, 1986 but has been referenced here as the transfer was prepared by the Department of Agriculture, Food and the Marine).
2019/165	Agriculture, Food and the Marine	Irish Land Commission Fair Rent files for County Mayo, c1881–c1923. (Note: the Irish Land Commission is a scheduled body under the National Archives Act, 1986 but has been referenced here as the transfer was prepared by the Department of Agriculture, Food and the Marine).
2019/174	Agriculture, Food and the Marine	Irish Land Commission Fair Rent files for County Limerick, c1881–c1923. (Note: the Irish Land Commission is a scheduled body under the National Archives Act, 1986 but has been referenced here as the transfer was prepared by the Department of Agriculture, Food and the Marine).

---

## **Accessions, 2021**

**Table 1**  
Records accessioned from Government Departments during 2021

Accession number	Department of	Description
2019/175	Agriculture, Food and the Marine	Irish Land Commission Fair Rent files for County Monaghan, c1881–c1923. (Note: the Irish Land Commission is a scheduled body under the National Archives Act, 1986 but has been referenced here as the transfer was prepared by the Department of Agriculture, Food and the Marine).
2021/92	Finance	Personal injury compensation files: Individual claims for 'Bloody Sunday', Croke Park, Dublin, 1920.
2019/169	Social Protection	Planning Secretariat files relating mainly to 1989.
2021/111	Department of Children, Equality, Disability, Integration and Youth	Childcare policy files, 1962–1991.
2020/9	Transport	Air Navigation Safety and Security Division files, 1964–1986.
2021/75	Transport	Appropriation accounts and audit query files, 1947–1990.
2020/4	Transport	Information Technology Division, 1979–1990.
2019/168	Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media	Arts, Film and Investment Division files, 1919–1986.
2019/166	Enterprise, Trade and Employment	Board of Trade: correspondence, 1911–1913.

---

## **Accessions, 2021**

**Table 2****Records accessioned from Scheduled Bodies during 2021**

Accession number	Scheduled body	Description
2021/42	Office of the Attorney General	Registered subject-related (SR) files, relating mainly to 1991.
2021/89	Office of the Attorney General	Anglo-Irish files, 1992–1998.
2020/15	Office of the Secretary to the President	Files mainly relating to 1990.
2021/109	Office of Public Works	Customs and Excise, Waterford, 1930s–1970s.

**Table 3****Records accessioned from Court Offices and Probate Registries during 2021**

Supreme Court	No transfers.
High Court	No transfers.
Circuit Court	No transfers.
District Court	No transfers.

**Table 4****Records accessioned from other sources during 2021**

Accession number	Description
2021/91	An Óige Irish Youth Hostel Association, 1870–1992.
2021/110	Work diaries of Michael Collins, 1918–1922.

---

## **Accessions, 2021**

### **Finding aids published on the National Archives website during 2021**

<b>Department/Office</b>	<b>Description</b>	<b>Reference number</b>
Taoiseach	Central Registry, 2020 annual transfer of records, 1969–1990.	2020/3
	Northern Ireland Division, 2020 annual transfer of records, 1965–1991.	2020/17
Foreign Affairs	Secretary General's Office, 1961–1990.	2020/23
	Embassy of Ireland to Belgium, Brussels, 1950–1989.	2019/113
Finance	Supply 'S' series, 1961–1987.	2019/74
	Supply 'S' series, 1953–1988.	2019/75
	Supply 'S' series, 1946–1948.	2019/76
	Supply 'S' series, 1940–1987.	2018/22
	Supply 'S' series, 1945–1948.	2018/21
	Supply 'S' series, 1924–1980.	2018/25
	Finance 'F' series, 1973–1989.	2019/78
	Finance 'F' series, 1940–1987.	2018/101
	Finance 'F' series, 1984–1988.	2018/102
	Finance 'F' series, 1975–1995.	2019/79
	Finance 'F' series, 1922–1982.	2017/59
	Finance 'F' series, 1933–1994.	2018/1
	Finance 'F' series, 1966–1982.	2019/80
Justice	H217 series files relating to deportations, repatriations and assisted passage, 1923–1943.	2019/85
	Criminal Law Reform Division, 1967–1985.	2015/85
	H134 series relating to inquests, 1922–1955.	2019/84
	H103 series relating to policing, 1914–1952.	2019/158
	Civil Law Reform Division, 1964–1989.	2018/93
	Returns under the Anatomy Act, 1909–1933.	2019/145
Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media	Placenames Commission files, 1948–1957.	2019/29

---

## **Accessions, 2021**

<b>Department/Office</b>	<b>Description</b>	<b>Reference number</b>
Social Protection	Planning Secretariat files, 1982–1988.	2019/71
	Registered plan series files, 1963–1986.	2015/52
Office of the Attorney General	Parliamentary Counsel (PC) files, 1986–1990.	2020/2
	Subject-related (SR) files, 1963–1990.	2020/1
Office of the Director of Public Prosecutions	Administrative files, 1927–1985.	2016/6
Office of the Revenue Commissioners	PS (Private Secretary) series, 1919–1991.	2018/10
	Customs and Excise, 1847–1996.	2019/139
	Department of Finance circulars, 1922–1982.	2017/38
	Legislation and Statistics Branch files, 1898–1987.	2019/82
	Stamping Branch files, 1923–1988.	2018/60
Private accessions	Stamping Branch files, 1924–1984.	2019/140
	Religious Society of Friends [Quakers]: notes and registers of births, marriages and burials, 1773–1947.	PRIV1047

# Appendix D

## Disposal certificates issued in 2021

National Archives reference	Department	Section	Quantity	Date issued
NAD_2021_1	Public Appointments Service	Candidate application forms. Amended authorisation. See NAD/2018/4.	3,000 bankers boxes	23/03/2021
NAD_2021_2	Health	COVID-19 Passenger Locator Forms, paper & electronic 9 Nov 2020–9 Jun 2021.	c12,000 files	23/03/2021
NAD_2021_3	Social Protection	Water Conservation Grants, 2015–2016.	c20,000 files	17/05/2021
NAD_2021_4	Social Protection	State Pension Contributory case files, 1961–ongoing.	c55,000 files	17/05/2021
NAD_2021_5	Social Protection	State Pension Non-Contributory case files (including Blind Pensions and Widows Pensions transferred to the State Pension Non-Contributory scheme), 1908–ongoing.	c70,000 files	17/05/2021
NAD_2021_6	Social Protection	Household Benefits/Free Schemes, 1967–ongoing.	c30,000 files	17/05/2021
NAD_2021_7	Social Protection	Deserted Wives Allowance/Deserted Wives Benefit case files, 1973–ongoing.	c11,000 files	17/05/2021
NAD_2021_8	Social Protection	Widow, Widowers or Surviving Civil Partners Contributory Pension (formerly Widow/Widowers' Pension Contributory) case files, 1936–ongoing.	c90,000 files	17/05/2021
NAD_2021_9	Defence Forces	Compulsory Random Drug Test (CRDT) testing forms for negative test results.	c22,000 forms	14/05/2021
NAD_2021_10	Agriculture	REPS Withdrawal files.	c6,000 files	06/09/2021
NAD_2021_11	Agriculture	CCS Administration files.	c1,000 files	06/09/2021
NAD_2021_12	Agriculture	Commercial Horticulture Producer grant scheme applications, 2014–ongoing.	c179 files plus annual accrual of c200 files	06/09/2021
NAD_2021_13	Agriculture	Commercial Horticulture Producer grant scheme supporting administration files.	15	06/09/2021

## Disposal certificates issued in 2021

National Archives reference	Department	Section	Quantity	Date issued
NAD_2021_14	Agriculture	Horticulture Producer Organisations.		06/09/2021 (REFUSED)
NAD_2021_15	Health	Mandatory Hotel Quarantine database.	350 spreadsheets	15/09/2021
NAD_2021_16	DFA	Parliamentary Questions (PQs).		18/10/2021
NAD_2021_17	Agriculture	Marine Engineering Division legacy files. See also NAD_2020_18.	1,000 files	29/11/2021
NAD_2021_18	Children	National Childcare Scheme Review and Appeals files.	c2,000 reviews accruing at a rate of c15 per day	In progress. Draft disposal cert issued by NA.
NAD_2021_19	Enterprise, Trade and Employment	Secretary General's Office Travel and Subsistence files.		In progress
NAD_2021_20	Department of Justice	Explosives licence applications.		
NAD_2021_21	Children	MBH Confidential Committee Witnesses Section 6 Applications.		In progress
NAD_2021_22	Health	MHQ Appeals Decisions.	c3,500 files	14/01/2022 (REFUSED)
NAD_2021_23	Health	MHQ Appeals Applications.	c3,500 files	14/01/2022
NAD_2021_24	Health	MHQ Miscellaneous Series.		14/01/2022
NAD_2021_25	CCPC	Covid-19 attendance logs, Apr 2020–ongoing.		06/04/2022
NAD_2021_26	Agriculture	Codex Division Completed Project files.		13/12/2021 (REFUSED)
NAD_2021_27	Agriculture	Codex Division Unsuccessful/ Ineligible Project files.	c1,600 files	13/12/2021
NAD_2021_28	Health	MHQ Onsite Tracking Database.		(REFUSED)
		<b>TOTAL</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• 3,000 bankers boxes</li> <li>• c271,295 files</li> <li>• c54,000 loose sheets</li> <li>• 350 spreadsheets</li> </ul>	

*Burke Chamberlain  
Birkenhead.*



**The National Archives**  
Bishop Street, Dublin 8  
D08 DF85, Ireland

[www.nationalarchives.ie](http://www.nationalarchives.ie)

**Phone:** +353 (0)1 407 2300  
**Lo Call:** +353 1890 252424  
**Fax:** +353 (0)1 407 2333  
**Email:** [query@nationalarchives.ie](mailto:query@nationalarchives.ie)



An Chártlann Náisiúnta  
National Archives



An Chartlann Náisiúnta  
National Archives

# Tuarascáil Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta don Bhliain 2021



## An Bhliain 2021 de réir uimhreacha

**1,122**

Cuairteoirí aonair ag  
taispeántas fíorúil faoin  
gConradh i Mí Nollag 2021.

**1,103**

Ticéid do Léitheoirí  
eisithe le linn 2021

**891,916**

Cuairteanna taifeadta ar  
[nationalarchives.ie](http://nationalarchives.ie) le linn 2021

**3,763**

leantóirí Instagram,  
ar méadú 84.3% é.



Cúig thír dhúchais ar bharr liosta  
mar gheall ar chuairteoirí dár  
suíomh idirlín: Éire, SAM, an Ríocht  
Aontaithe, an Ind agus an tSín.

---

# Clár

1. Reachtáiocht agus Rialáil	9
2. Acmhainní Corparáideacha agus Rialachas	19
3. Cairteanna a fháil agus Seirbhísí Taifid don Rialtas	29
4. Cairteanna a Stóráil, a Chaomhnú agus a Bhuanú	51
5. Seirbhísí don Phobal	59
6. Áiseanna Fála agus Dígtiú	69
7. Comhoibriú, Comhar agus Oiliúint	75
Foscríbhinní	81

Grianghraf clúdaigh: seastáin ar  
a fheictear na lánchumhacthaigh  
Éireannacha sa Taispeántas 'An  
Conradh, 1921: Taifid ón gCartlann'  
i gCaisleán Bhaile Átha Cliath.

An Conradh Angla-Éireannach mar phríomh-mhír an taispeántais 'An Conradh, 1921: Taifid ón gCartlann' i gCaisleán Bhaile Átha Cliath.



---

## Réamhrá an Stiúrthóra

Le linn na bliana 2021, mar gheall ar ghéarchéim leanúnach Covid-19, dúnadh an Chartlann Náisiúnta don phobal ó mhí Eanáir go dtí tús mhí na Bealtaine. I rith na tréimhse sin, níor ceadaíodh rochtain phoiblí ar an Seomra Léitheoireachta. Mar sin féin, leanamar ar aghaidh mar fhoras chun gach seirbhís riachtanach a oibriú agus d'fhreastail an fhoireann ar an oifig de réir mar ba ghá maidir lenár mbailiúcháin a bhainistiú mar aon le seirbhísí amhail cóipeanna deimhnithe agus ábhar digitithe a sholáthar de réir mar a iarradh amhlaidh.

Nuair a cuireadh deireadh le cuid de na srianta a bhain le Covid-19, d'athosclaíomar i mí na Bealtaine 2021 agus chuireamar ár seirbhísí ar fáil don phobal agus de réir ár bhfreagrachtaí reachtúla araon don chuid eile den bhliain, ag teacht chun críche lenár réamhamharc bliantúil do na meáin i mí na Nollag 2021.

Ceadaítear don Aire leis an Acht um Chartlann Náisiúnta (Leasú), 2018, a achtaíodh i mí Lúnasa 2018, aicmí áirithe taifead a shonrú le hordú reachtúil mar thaifid a fhéadfar a scaoileadh lena n-iniúchadh ag an bpobal nuair a bheidh siad 20 bliain d'aois. In 2021, sainaithníodh taifid a bhain le gnóthaí Angla-Éireannacha lena scaoileadh faoin leasú. Ullmhaíodh taifid a bhain le gnóthaí Angla-Éireannacha don tréimhse ó 1992–1998, arna gcoimeád i Roinn an Taoisigh, sa Roinn Gnóthaí Eachtracha, sa Roinn Dlí agus Cirt agus in Oifig an Ard-Aighne, i rith na bliana lena scaoileadh mar chuid den réamhamharc do na meáin i mí na Nollag agus lena scaoileadh leis an bpobal i mí Eanáir 2022. Déanfar tuilleadh dul chun cinn chun an tráinse deiridh taifead, suas go dtí 2002 agus an bhliain sin san áireamh, in 2022 lena scaoileadh leis an bpobal i mí Eanáir 2023. Cuireadh an rial 20 bliain i bhfeidhm trí chartlannaithe breise a fhostú ó mhí Aibreán 2021 ar chonarthaí ar théarma seasta 24 mhí.

Le linn 2021 freisin, sheol an Chartlann Náisiúnta ár gClár Cuimhneacháin mar chuid de na Deich mBliana de Chomórthaí Céad Bliaín, 2012-2023 an Rialtais. Leis an gClár Cuimhneacháin, marcáladh tarluithe suntasacha a tharla in 1921 agus síniú an Chonartha Angla-Éireannaigh an 6 Nollaig mar bhuaicphointe orthu. Ní amháin go ndéantar comóradh ar mhórtharluithe stairiúla agus ar fhigiúirí polaitiúla leis an gclár, ach meabhraítear dúinn leis an taithí laethúil a bhí ag na gnáthdhaoine le linn tréimhse neamhghnáach. Is príomhphrionsabail de Chláir na Deich mBliana de Chomórthaí Céad Bliaín iad cruinneas stairiúil, sláine acadúil agus fionnachtain chartlainne lena ndearnadh iarracht dul i ggleic le castacht an ama atá caite agus na féiniúlachtaí, tradisiúin agus dearctaí iolra is cuid den taithí stairiúil go foriomlán in Éirinn, agus tuiscint níos fearr ar an méid sin a chothú.

---

## Réamhrá an Stiúrthóra

I measc na dtaifead is tábhachtaí a choimeádtar sa Chartlann Náisiúnta tá an Conradh Angla-Éireannach, 1921. Dá bhrí sin, ba thábhachtach agus ba chuí don Chartlann Náisiúnta céad bliain a bheith caite ó shníú an Chonartha a mharcáil trí mhórthaispeántas taifead a bhí faoina coimeád agus a bhain le caibidlíocht agus síniú an Chonartha a chur i láthair. Agus an Conradh mar chroílár an taispeántais, cuireadh doiciméid shuntasacha ó bhailiúcháin na Cartlainne Náisiúnta ar taispeáint don phobal den chéad uair.

Mar aon leis an taispeántas, bhí sraith de thionscnaimh a bhain leis an gclár cuimhneacháin ann a bhí thíos ar fhiosracht stairiúil a spreagadh agus an spéis is mó is féidir i bhfoinsí príomha staire, mar aon lena n-úsáid, a chur chun cinn. Choimisiúnaigh an Chartlann Náisiúnta Ealaíontóir Cónaithe, John Beattie chun oibriú lena bailiúcháin chun athshondas comhaimseartha eachtraí áirithe le linn na tréimhse 1921–1923 a léiriú ar bhealaí samhláiocha.

Mar chuid dá chlár digitithe, tabharfar rochtain don phobal ar Leabhair Mhiontuairiscí na Comh-Aireachta don tréimhse Aibreán 1919–Aibreán 1922 agus taifid an Choiste Bunreachta, 1922. Seachadadh clár ceardlanna, cainteanna coimeádaí agus pléití poiblí lenar léiríodh ár mbailiúcháin agus lenar leagadh béim ar a iomchuí is atá siad trí scrúdú a dhéanamh ar thionchar agus ar oidhreacht na dtarluithe le linn tréimhse na réabhlóide, lena n-áirítear an diminsean idirnáisiúnta agus taithí na mban. Trí fhreagairt léannta, comhoibritheacha agus cruthaitheacha, ghníomhachtaigh an Chartlann Náisiúnta a cuid sealbhúchán chun comóradh oscailte, ilchineálach agus uilechuimsitheach a chumasú ar na blianta deiridh dúshlánacha de na Deich mBliana de Chomórthaí Céad Bliain na hÉireann.

Bhí an Chartlann Náisiúnta an-bhródúil freisin as dialanna Mhichíl Uí Choileáin don tréimhse 1918–1922 a fháil ar iasacht ó theaghlaigh Liam agus Betty Collins, Cloich na Coillte, Corcaigh, nach maireann. Tugadh don Stát iad go foirmiúil i nGort na Coille, Cloich na Coillte agus an Taoiseach Micheál Ó Máirtín TD i láthair mar aon leis an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta agus Spóirt, Catherine Martin TD. Déanfaidh an Chartlann Náisiúnta na dialanna a chaomhnú agus a dhigitiú agus tá clár imeachtaí beartaithe in 2022 chun cothrom céad bliain a bhás a chomóradh.

---

## Réamhrá an Stiúrthóra



### 'An Conradh, 1921: Taifid ón gCartlann' – taispeántas

Tá an Conradh Angla-Éireannach ar cheann de na doiciméid stairiúla is suntasaí atá faoi choimeád na Cartlainne Náisiúnta. Agus an Conradh á úsáid mar chroílár, d'oscail an Chartlann Náisiúnta taispeántas chun an ról atá aici mar thaisclann oifigiúil thaifead na Stát, céad bliain tar éis bhunú an Stáit, a mharcáil. Leis an taispeántas 'An Conradh, 1921: Taifid ón gCartlann' osclaíodh taifid stairiúla, doiciméid oifigiúla agus páipéis phríobháideacha suntasacha den chéad uair i stair an Stáit, lena n-áirítear an chéad ócáid inar cuireadh doiciméad an Chonartha féin i láthair don phobal.

Cuireadh an taispeántas i láthair i gcomhpháirtíocht le hAcadamh Ríoga na hÉireann agus ar áireamh ann bhí taifid stairiúla ó bhailiúcháin Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, ón gCartlann Mhileata agus ó Chartlann Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath agus osclaíodh é i dTeach an Chóiste, Caisleán Bhaile Átha Cliath an 6 Nollaig 2021. Tharla réamhthaispeántas i Londain sna seachtainí sular osclaíodh é i mBaile Átha Cliath i gcomhpháirt le hAmbasáid na hÉireann chun bheith i gcomhchráth le cothrom céad bliain an ama a chaith toscaireacht an Chonartha i Londain in 1921, roimh chomhaontú críochnaitheach an Chonartha.

---

## Réamhrá an Stiúrthóra

Trí ghearrthóga nuachtáin agus píosaí scannán a úsáid inar léiríodh gothaí ó Mheiriceá agus ar fud an domhain, chuir ‘An Conradh, 1921: Taifid ón gCartlann’ caibidlíochtaí an Chonartha i gcomhthéacs polaitiúil réabhlóid na hÉireann agus domhain a bhí ina chíor thuathail mar gheall ar an gCéad Chogadh Domhanda. Ag tosú leis na cainteanna tosaigh idir Uachtaráin na hÉireann Éamon de Valera agus Príomh-Aire na Breataine David Lloyd George i rith shamhradh na bliana 1921, léiríodh mionsonraí obair lánchumhachtach na hÉireann agus a rúnaireacht, ag cur doiciméid maidir leis na treoracha foirméálta a thug comh-aireacht na hÉireann dóibh i láthair.

Trí íomhánna agus ábhar ó pháipéis phríobháideacha a úsáid, tugadh cuntas sa taispeántas freisin ar shaol laethúil na bhfear agus na mban de chuid thoscaireacht na hÉireann le linn dóibh a bheith i Londain, ó chóisirí ag a raibh siad i láthair, dinnéir a d'óstaigh siad agus láithreacht ag léirithe amharclainne agus ceiliúrtha, suas go dtí na laethanta agus na huaireanta déanacha roimh shíniú an Chonartha díreach tar éis 2am an 6 Nollaig 1921. Ar deireadh, léiríodh an toscaireacht ag filleadh ar Bhaile Átha Cliath agus iad ag láithriú ag cruinníú comh-aireachta Dháil Éireann an lá dár gcionn, ag dul i dtreo na scoilte faoin gConradh agus na deighiltí ar thosaigh an Cogadh Cathartha dá mbarr.

Bhí an taispeántas ar siúl ó mhí na Nollag 2021 go dtí mí an Mhárta 2022 i dTeach an Chóiste, Caisleán Bhaile Átha Cliath.


Is le maioniú breise ón Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Catherine Martin TD a cuireadh Clár Cuimhneacháin na Cartlainne Náisiúnta ar bun.



**Orlaith McBride**  
Stiúrthóir  
An Chartlann Náisiúnta

1

# Reachtaíocht agus Rialáil



---

# An tAcht Um Chartlann Náisiúnta, 1986

**1.1** Is é an tAcht um Chartlann Náisiúnta, 1986 agus na Rialacháin arna ndéanamh faoin Acht sin an príomhbhonn reachtúil atá faoin gCartlann Náisiúnta. Nuair a tháinig an tAcht i ngníomh in 1988, rinneadh Oifig na dTaifead Poiblí in Éirinn (a bunaíodh in 1867) agus Oifig na Stát-Pháipéar (a bunaíodh in 1702) a chónascadh chun an Chartlann Náisiúnta a fhoirmiú.

## Freagracht aireachta as an gCartlann Náisiúnta

**1.2** Is comhlacht reachtúil laistigh den státseirbhís an Chartlann Náisiúnta. Tráth a bunaithe in 1988, bhí sí mar chuid de Roinn an Taoisigh.

**1.3** Ó 1993 i leith, áfach, déanann an tAire ar a bhfuil freagracht maidir le hEalaíona agus Cultúr formhór na gcumhachtaí a thugtar don Taoiseach leis an Acht a fheidhmiú agus is é nó í an tAire sin an comhalta den Rialtas ar a bhfuil freagracht maidir leis an gCartlann Náisiúnta cé go ndéanann an Taoiseach fós roinnt cumhachtaí a bhaineann le taifid Roinne a fheidhmiú.

## Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta

**1.4** Oibríonn an Chartlann Náisiúnta faoi rialú agus faoi bhainistiú an Stiúrthóra arna cheapadh nó arna ceapadh ag an Aire agus é nó í freagrach don Aire. Tugtar achoimre ar fheidhmeanna an Stiúrthóra in Alt 4(1) den Acht. Tá na freagrachtaí seo a leanas ina measc:

- rialú agus bainistiú na Cartlainne Náisiúnta
- caomhnú, athchóiriú, eagrú agus tuairisciú cairteanna atá faoi choimeád na Cartlainne Náisiúnta
- cairteanna a chur ar fáil le haghaidh iniúchadh poiblí de réir an Actica agus cóipeanna as cairteanna a sholáthar
- eolaithe, liostaí, innéacsáí agus áiseanna fála eile le haghaidh cairteanna a ullmhú agus cairteanna, áiseanna fála agus ábhar eile a bhaineann le cairteanna a fhoilsíú
- taifid Roinne a scrúdú agus a fháil de réir an Actica agus scrúdú a dhéanamh ar shocruithe i ndáil le caomhnú taifead Roinne
- taifid eile a bheidh oiriúnach le caomhnú ag an gCartlann Náisiúnta a fháil
- comhairle a thabhairt do chomhaltaí den Rialtas agus d'aon eagraíocht seirbhíse poiblí maidir le haon taifid faoina rialú a bhainistí, a chaomhnú agus a atáirgeadh

---

## An tAcht Um Chartlann Náisiúnta, 1986

### An Chomhairle um an gCartlann Náisiúnta

- 1.5 Rinneadh foráil san Acht freisin maidir leis an gComhairle um an gCartlann Náisiúnta a bhunú, agus ceapann an tAire a cuid comhaltaí. Is é an phríomhfheidhm atá ag an gComhairle ná comhairle a thabhairt don Aire le linn cumhactaí a fheidhmiú faoi Acht 1986 maidir le gach ní a dhéanann difear do chairteanna a thagann faoi réim an Acharta agus maidir le húsáid na gcairteanna ag an bpobal. Ceapadh comhaltaí reatha na Comhairle an 19 Iúil 2017 agus rachaidh a dtéarma oifige ar aghaidh go dtí an 18 Iúil 2022. Tá ainmneacha na gcomhaltaí reatha ar fáil i bhFoscreibhinn A.
- 1.6 In 2021, tháinig an Chomhairle um an gCartlann Náisiúnta le chéile ar ceithre ócáid: an 25 Eanáir, an 13 Aibreán, an 15 Meán Fómhair agus an 23 Samhain.

### Tuarascálacha bliantúla

- 1.7 Foráiltear le hAlt 21 den Acht go ndéanfaidh an Stiúrthóir tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid an Aire maidir le hobair na Cartlainne Náisiúnta, go ndéanfaidh an Chomhairle um an gCartlann Náisiúnta tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid an Aire maidir le gníomhaíochtaí na Comhairle agus go gcuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna de na tuarascálacha sin a leagan os comhair dhá Theach an Oireachtas.



Tuarascáil Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta, 2018.

DO CHUM GACH A BHFEICFIDH NO A GCLUINFIDH E SEO, BEATHA AGUS SLAINTE:

De bhrigh an ard-churaim ata curtha ormsa ag DAIL  
EIREANN, ainmníghim trid seo

Art O Griobhtha, T.D., Aire um Ghnothai Coigcríche, Cathaoirleach.

Micheal O Coileain, T.D. Aire Airgid,

Riobard Bartun, T.D., Aire um Ghnothai Tionnscail,

Eamon O Dugain, T.D.,

Seoirse Gabhanach O Dubhthaigh, T.D.

mar Theachtai Lan-fheidhme o Riaghaltas Toghtha SAORSTAIT EIREANN  
chum a dheanamh agus a thabhairt chum críche ar son na hEireann  
le n-a Shoillse, SEOIRSE V. na Breataine, Connradh no Connartha  
Socrúighthe, Comhbhainte agus Comh-oireamhna idir Eire agus an  
saor-chumann naisiun ar a nglaodhtar Impreacht Shasana.

DA CHOMHARTHA SAN ag seo mo shighin mar Uachtaran.

I gCathair Bhaile Atha Cliath dhom  
an 7 adh. la de Deire Foghmhair i  
mbliaín d'acis ar dTighearna 1921  
agus deanta i gcuig macasamhla  
bunusacha.

Sámon Ó Valera

3 - R.B

Cóipeanna Riobaird Bartúin den ordú  
uachtaráin, i mBéarla agus i nGaeilge,  
lena ceapadh lánchumhachtaigh chun  
idirbheartaíocht a dhéanamh agus chun  
teacht ar réiteach le Rialtas na Breataine.

TO ALL TO WHOM THESE PRESENTS COME, GREETING:

In virtue of the authority vested in me by  
DAIL EIREANN, I hereby appoint  
Arthur Griffith, T.D., Minister for Foreign Affairs, Chairman.  
Michael Collins, T.D., Minister of Finance,  
Robert C. Barton, T.D., Minister for Economic Affairs,  
Edmund J. Duggan, T.D.,  
George Gavan Duffy, T.D.

as Envoys Plenipotentiary from the Elected Government of the  
REPUBLIC OF IRELAND to negotiate and conclude on behalf of  
Ireland with the representatives of his Britannic Majesty,  
GEORGE V., a Treaty or Treaties of Settlement, Association  
and Accommodation between Ireland and the community of nations  
known as the British Commonwealth.

IN WITNESS WHEREOF I hereunto subscribe my name  
as President.

Done in the City of Dublin  
this 7th day of October in  
the year of our Lord 1921  
in five identical originals.

*Eamon de Valera*

S - R.B.

---

## An tAcht Um Chartlann Náisiúnta, 1986

### An tAcht um Chartlann Náisiúnta (Leasú), 2018

- 1.8 Athraíodh an dlí cartlainne sa Ríocht Aontaithe in 2010 chun an tréimhse 30 bliain a laghdú go 20 bliain, arb í an tréimhse í a dtagann taifid chun bheith cáilithe lena scaoileadh lena n-iniúchadh ag an bpobal ina diaidh. Tá an laghdú sin ar an tréimhse dúnta á chur i ngníomh ar bhonn céimnithe ar cuireadh túis leis in 2013. De bhrí go bhfuil impleachtaí féideartha ann ar chothroime na taighde agus na scoláireachta in Éirinn, go háirithe maidir le stair an chaidrimh Angla-Éireannaigh, tugadh isteach athrú reachtach in Éirinn in 2018.
- 1.9 Ceadaítear don Aire, leis an Acht um Chartlann Náisiúnta (Leasú), 2018 a achtaíodh i mí Lúnasa 2018, aicmí áirithe taifead a fhéadfar a scaoileadh lena n-iniúchadh ag an bpobal a shonrú le hordú reachtúil nuair a bheidh siad 20 bliain d'aois. Síníodh orduithe tosach feidhme i mí na Nollag 2021 maidir le Roinn an Taoisigh, an Roinn Gnóthaí Eachtracha, an Roinn Dlí agus Cirt agus Oifig an Ard-Aighne lena gceadaítear taifid Angla-Éireannacha a bhaineann le próiseas na síochána agus Tuaisceart Éireann, lena n-áirítear Comhaontú Aoine an Chéasta agus comhaontuithe ina dhiaidh sin don tréimhse 1992 to 1998<sup>1</sup> a aistriú.
- 1.10 Cuireadh moill, go luath in 2021, ar ullmhú na dtaifead ag na Ranna Stáit a bhí le haistriú faoin Acht um Chartlann Náisiúnta (Leasú), 2018 mar gheall ar shrianta dianghlásála leibhéal 5 Covid-19 a bhí i bhfeidhm ó mhí Eanáir go dtí go luath i mí na Bealtaine. Bhí foireann sna Ranna Stáit ag obair ón mbaile agus ní raibh ach oibrithe riachtanacha ina n-oifigí, ar bhonn páirtaimseartha de ghnáth. Cailleadh am luachmhar chun catalógú a dhéanamh ar seacht mbliana breise d'aistrithe taifead ó na ceithre Ranna iomchuí don tréimhse 1992 go 1998, i dteannta ghnáthaistriú 30 bliain a bhí le déanamh don bhliain 1991.

---

1 Roinn an Taoisigh: I.R. Uimh. 678/2021 – An tOrdú fán Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986 (Alt 8(1A)) (Taifid Roinne a Aistriú), 2021; An Roinn Dlí agus Cirt: I.R. Uimh. 679/2021 – An tOrdú fán Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986 (Alt 8(1A)) (Taifid Roinne a Aistriú) (Uimh. 2), 2021; An Roinn Gnóthaí Eachtracha: I.R. Uimh. 680/2021 – An tOrdú fán Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986 (Alt 8(1A)) (Taifid Roinne a Aistriú) (Uimh. 3), 2021; Oifig an Ard-Aighne: I.R. Uimh. 722/2021 – An tOrdú fán Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986 (Alt 8(1A)) (Taifid Roinne a Aistriú) (Uimh. 4), 2021.

---

## An tAcht Um Chartlann Náisiúnta, 1986

Sna himthosca eisceachtúla sin, comhaontaíodh le Ranna Stáit iomchuí go mbeadh na sé chartlannaí ar chonradh a bhí fostaithe ag an gCartlann Náisiúnta chun cabhrú leis na haistrithe suntasacha breise a raibh súil leo faoin reachtaíocht nua ranpháirteach freisin i gcatalógú na dtaifead laistigh de Ranna. I gcomhpháirt le cartlannaí na Roinne Gnóthaí Eachtracha, d'fhreastail na cartlannaithe ag oifigí na Roinne Gnóthaí Eachtracha i dTamlacht dhá lá sa tseachtain ó mhí an Mheithimh 2021. Chabhraíodar leis an bhfoireann ar thionscadal an Rannáin Angla-Éireannacha chun comhaid a liostú lena n-aistriú. Ó mhí Dheireadh Fómhair ar aghaidh, rinne na cartlannaithe comhaid Rannán na Breataine agus Thuaisceart Éireann arna ndátú ó 1991 go 1998 a chatalógú do Roinn an Taoisigh. Rinne cartlannaí amháin ar chonradh comhaid Rannán Slándála agus Thuaisceart Éireann na Roinne Dlí agus Cirt a chatalógú lena n-aistriú faoin Acht.

Bhí an Rannán Cartlainne agus Seirbhísí Rialtais i dteaghmháil go rialta ar feadh na bliana le geallsealbhóirí agus le Oifig na dTaifead Poiblí i dTuaisceart Éireann maidir le haistrithe faoin reachtaíocht nua agus saincheisteanna gaolmhara.

### Bainistiú taifead

- 1.11** Teip shuntasach amháin ar thaobh sheirbhís phoiblí na hÉireann is ea cálíocht íseal na bainistíochta taifead agus faisnéise. Díríodh aird ar an méid sin in imeachtaí agus i dtuarascálacha de chuid roinnt coistí fiosrúcháin agus tagraíodh don mhéid sin i dtuarascálacha ón gCoimisinéir Faisnéise.
- 1.12** D'fhoínn bainistiú taifead agus faisnéise i seirbhís phoiblí na hÉireann a fheabhsú, ba chóiranois cumhachtaí reatha atá ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, Alt 8(11) (b) agus faoin Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, Alt 19(3) a fheidhmiú chun rialacháin reachtúla a dhéanamh maidir le bainistiú taifead chun a chumasú don Chartlann Náisiúnta treoirlínte éigeantacha bainistithe taifead a eisiúint. Ba chóir go ndéanfaí, le linn aon rialacháin agus treoirlínte a dhréachtú, caighdeáin idirnáisiúnta maidir le rialachas ar bhainistiú taifead agus sonraí a chur i gcuntas, lena n-áirítear an Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le Bainistiú Taifead, ISO 15489-1:2016 agus caighdeáin ghaolmhara. Déantar tuairisc thíos in Ailt 3.8 go 3.17 maidir le taifid seirbhise poiblí a bhainistiú.



---

# Saoráil Faisnéise agus Cosaint Sonraí

## Saoráil Faisnéise

- 1.13 Tá na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997, 2003 agus 2014 (na hAchtanna um SF) an-tábhachtach maidir le hobair na Cartlainne Náisiúnta. Tháinig Acht bunaidh 1997 chun bheith ina dhíl an 21 Aibreán 1997 agus leathnáodh é ó shin chuig réimse de chomhlachtaí poiblí eile.
- 1.14 Tá an Chartlann Náisiúnta féin ar cheann de na comhlachtaí poiblí atá liostaithe sna hAchtanna um SF agus tá taifid atá faoi choimeád na Cartlainne Náisiúnta agus nach bhfuil ar fáil lena n-iniúchadh ag an bpobal faoi réir na nAchtanna. Mar sin féin, luatear in alt 46(2) den Acht um SF, 1997 nach bhfuil feidhm ag an Acht maidir le taifead atá ar fáil lena iniúchadh ag daoine den phobal. Dá bhí sin, níl feidhm ag na hAchtanna um SF maidir le cartlanna sa Chartlann Náisiúnta atá ar fáil lena n-iniúchadh ag daoine den phobal.

## Cosaint Sonraí

- 1.15 Tá an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), a tháinig i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2018 curtha i ngníomh in Éirinn tríd an Acht um Chosaint Sonraí, 2018. Tá gach eagraíocht, poiblí agus príobháideach araon, a phróiseálann sonraí pearsanta faoi réir fhorálacha RGCS. Áirítear gach Roinn Stáit agus comhlachtaí eile atá faoi réir an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986.

Trína cuid oibre le Ranna agus gníomhaireachtaí, tá sé tagtha ar iúl don Chartlann Náisiúnta go bhfuil neamhréireachtaí ann maidir le reachtaíocht cosanta sonraí a chur i bhfeidhm agus go bhfuil easpa feasachta agus oiliúna ann maidir leis an gcreat rialachais faisnéise níos leithne ina n-oibríonn an státseirbhís agus an tseirbhís phoiblí cé gur foilsíodh treoir agus go raibh caidreamh leanúnach ann ón gCartlann Náisiúnta.<sup>2</sup>

Tá na saincheisteanna a bhaineann le RGCS agus easpa bonneagair bainistithe faisnéise ar fud na státseirbhíse agus na seirbhíse poiblí leagtha amach i dtuarascálacha roimhe seo agus tá siad ann i gcónaí. Táim fós buartha maidir leis an easpa feasachta agus oiliúna atá leordhóthanach maidir le hoibleagáidí dlí i leith taifid phoiblí a bhaistíú agus an gá atá le cur chuige córasach maidir le taifid an Stáit a ghabháil, a bheith inrochtana agus a bheith inaimsithe.

---

2 [https://www.nationalarchives.ie/wp-content/uploads/2019/03/20190309Guidance-Note\\_GDPR\\_V4.pdf](https://www.nationalarchives.ie/wp-content/uploads/2019/03/20190309Guidance-Note_GDPR_V4.pdf).

## **Reachtaíocht eile agus Rialáil a Dhéanann Difear do Chartlanna**

- 1.16** In 2021, chuathas i gcomhairle leis an gCartlann Náisiúnta maidir leis an mBille um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2021 agus maidir leis an Tuarascáil Deiridh ón gCoimisiún Imscrúdúcháin (Árais Máithreacha agus Naónán agus nithe áirithe gaolmhara).



Rolla Pléadála Bhinse an Rí do 6 Henry IV.

Cartlann Náisiúnta, KB1/3

2

# Acmhainní Corparáideacha agus Rialachas

---

## Straitéis

2.1 Le linn 2021, sheachadaíomar an chéad phlean corporáideach bliantúil den straitéis nua Ár d'Todhcháí a Mhúnlú i Ré na Faisnéise 2021-2025.

Leagtar amach sa straitéis sraith tosaíochtaí don Chartlann Náisiúnta faoi chuíg chuspóir straitéiseacha:

- Cinnteoidh muid go bhfuil ár gcuid seirbhísí iomchuí agus go gcuirfear an dea-chleachtas idirnáisúnta is fearr chun cinn
- Déanfaidh muid ár gcuid seirbhísí digiteacha a fhorbairt d'fhonn rochtain níos fearr ar na taifid faoinár gcoimeád a chumasú, cuirfidh muid feabhas ar sheachadadh na seirbhíse poiblí agus méadóidh muid an caidreamh leis an bpobal trí chlár feabhsaithe oideachais agus caidrimh
- Déanfaidh muid taifid an Stáit a áirithíú agus a chaomhnú don ghlúin seo agus na glúnta atá le teacht
- Déanfaidh muid ár gcumas chun bheith mar cheannaire sa ré dhigiteach a fhorbairt
- Déanfaidh muid ár bhforas a neartú chun bheith ina Chartlann Náisiúnta atá nuálaíoch, freagrúil agus dinimiciúil

Leagtar amach sa straitéis treochlár go ceann cúig bliana lena múnlófar an pleán corporáideach oibre don Chartlann Náisiúnta. Dírítear le huailmhianta na straitéise ar na nithe seo a leanas a bhaint amach faoin mbliain 2025:

- Beidh an Chartlann Náisiúnta ag obair ar fud an Rialtais, ag tacú le Ranna agus comhlachtaí chun a gcuid taifid reatha agus todhchaí a bhainistiú trí chreat nua náisiúnta
- Beidh saoráidí cartlainne tiomnaithe úrscothacha ann chun taifid an Stáit a chaomhnú agus a chosaint agus spásanna poiblí chun a chinntiú go mbeidh an pobal in ann rochtain a fháil ar na taifid sin agus taitneamh a bhaint astu
- Beidh cartlann digiteach nua ann agus an cumas aistriú líon ollmhór taifead digitghinte a bhainistiú
- Beidh aitheantas go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta ar ár gcáill agus ár bpróifil agus beidh ár n-eagraíocht oriúnach don fheidhm, dinimiciúil agus nuálaíoch, ag tabhairt tacaíocht don fhoireann tiomanta atá againn

## Leithdháiltí Airgeadais

- 2.2** Leagtar amach thíos na leithdháiltí airgeadais – ar leith ó phá na foirne buaine -- arna gcur ar fáil don Chartlann Náisiúnta ó Vóta na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaón, Gaeltachta, Spóirt agus Meán in 2021. Bhí 32.43% den leithdháileadh bliantúil sin gan a bheith caite ag deireadh 2021 mar gheall ar thearc-chaitheamh a bhain le Covid-19 de bharr obair gan a bheith á déanamh ar an láthair ar feadh cuid mhaith míonna, rud a chur moill ar thionscnaimh agus tionscadail chaipitiúla áirithe.

Miondealú ar leithdháiltí airgeadais na Cartlainne Náisiúnta ó 2018 go 2021 mar a taifeadadh sna Meastacháin Athbhreithnithe Bhliantúla i gcomhair Seirbhísí Poiblí<sup>3</sup>

Tuairisc an fho-mhírchinn	2018 €	2019 €	2020 €	2021 €
A.3 Reatha (Deontas-i-gcabhair – fáltais chomhfhreagracha ó tháillí as cairteanna a chóipeáil etc)	40,000	40,000	40,000	
A.4 Reatha	1,265,000	1,315,000	1,315,000	1,715,000
A.4 Caipiteal	351,000	351,000	351,000	351,000
<b>Iomlán</b>	<b>1,656,000</b>	<b>1,706,000</b>	<b>1,706,000</b>	<b>2,066,000</b>

<sup>3</sup> Is chuig an gCartlann Náisiúnta agus chuig an gCoiste um an gCartlann Náisiúnta a dhéantar na leithdháiltí.

---

# Foireann

## Foireann nua

- 2.3 Earcaíodh sé chartlannaí nua in Aibreán 2021 ar chonarthaí ar théarma seasta 24 mhí chun tacú leis an rial 20 bliain a chur i ngníomh de réir na forála faoin Acht um Chartlann Náisiúnta (Leasú), 2018.
- 2.4 Faoi láthair, is 52 an coibhéis lánaimseartha foirne atá ag an gCartlann Náisiúnta.

## Plean Fórsa Saothair

- 2.5 Cuireann an Chartlann Náisiúnta plean bliantúil maidir le fórsa saothair faoi bhráid na Roinne. Cuireadh plean nua faoi bhráid na Roinne in 2021 chun na riachtanais ba ghá chun uaillmhianta agus tosaíochtaí straitéis an fhoraí, Ár d'Todhchaí a Mhúnlú i Ré na Faisnéise, 2021–2025, a léiriú. Léiríodh i bplean fórsa saothair na bliana 2021 gur 62 an coibhéis lánaimseartha ba ghá. San áireamh bhí poist amhail poist ghairmiúla chun caomhnú a dhéanamh agus bailiúcháin dhigiteacha a choimeád mar aon le hobair chartlainne laethúil, faoi seach. Thosaigh an obair lenár Roinn in 2021 chun tuilleadh foirne a fháil.
- 2.6 Le linn 2021, bhí foireann na Cartlainne Náisiúnta ag gabháil d'obair ar roinnt cláir oibre shuntasacha. Bhí na cinn seo a leanas san áireamh:

- 2.6.1 Thar 2022 Amach – comhoibriú leanúnach leis an tionscadal seo chun taifid iar-Oifig Taifead Poiblí na hÉireann agus a cuid sealbhúchán cartlainne a athchruthú go digiteach. Fuarthas tuilleadh foirne chun tacú leis an obair dhigitithe, chaomhnúcháin agus chatalógaithe mar aon le saoráidí a sholáthair i Sráid an Easpaig
- 2.6.2 Tionscadal na dTaifead Tarrthálte 1922 – foirmíodh tionscadal i gcomhar le Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann chun doiciméid bhunaidh thar réimse dátaí ón 14ú haois go dtí luath sa 20ú haois a tarrtháladh ó Oifig Taifead Poiblí na hÉireann tar éis na tine i mí an Mheithimh 1922 a bhuanú agus a chatalógú
- 2.6.3 In 2021, fuair an Chartlann Náisiúnta deonachán de dhíalanna oibre Mhichíl Uí Choileáin do na blianta 1918–1922 a bhfuilimid á ndigitíú faoi láthair chun cothrom céad bliain a bhás a chomóradh

## Foireann

- 2.6.4** Chuaigh an foireann i gceannas ar go leor gnéithe de Chlár Comórtha 2021 agus choimeád siad an céanna lena n-áirítear an taispeántas 'An Conradh, 1921: Taifid ón gCartlann' mar aon leis an gclár digitithe a bhí ina theannta.

APRIL, 1919.		APRIL, 1919.	
Saturday 5		Sunday 6	
10.00	Noon	5 <sup>th</sup> in Lent.	Sunday 6
10.00	Noon	10 o'clock	Diarmuid
- Meeting tonight -		12.30 do	- 41 turk
			Enter with dinner £1. 13. 11
Reply to Murphy.		Kilkenny about 4.30	
<u>Present</u>	14	Roll 19	Luke
<u>Excused in</u>	2	Present 16	
" " <u>ordy</u>	12	Excuse. 1	Shannon, +
Absent in Conn.	3	Abs. 2	Nate O'Brien, +
Absent	4	Sub 20/6	amana 3/6 N Board 2/1
		amana 3/6 N Board 2/1	<u>Diarmuid</u>
		Roll. 34	
		Present 18	
		Exc 12	
		Abs. 7	Donald O'Connor
		Sub. 23/2	Board. 18/2

*(Handwritten notes and signatures are present throughout the ledger, indicating names like Murphy, Kilkenny, Luke, Shannon, Nate O'Brien, Donald O'Connor, and Board members.)*

Dialann, 5–6 Aibreán 1919: Ó Coileán ag coinneáil taifead ar an teacht isteach airgid agus ar an scór i gcomórtas Chorn de Valera.

D<sup>R</sup> TO

PLEASE ADDRESS CORRESPONDENCE TO FIRM ONLY.

# MAYFAIR CATERING CO LTD

SOCIETY BALL FURNISHERS.

Telephone,  
MAYFAIR 175:

Telegraphic Address: "RIAFYAM", AUDLEY, London.

34, NORTH ROW,  
GROSVENOR SQUARE, LONDON, W.I.

Airt O'Brien Esq.  
(per J. J. Hennessy Esq.) October 7 1921.  
37 St James' Place,  
SW1.

1921 at 15 Cadogan Gardens  
Oct 7 To furnishing on hire for  
period of One month (4 weeks)  
five Silver Plate, Cutlery & Glass  
for House Party, and other goods  
for Staff use, according to list  
supplied, and esteemed order  
for sum of Twenty pounds £ 40 0 0

Received cheque £ 40.

With thanks  
Mayfair Catering Co Ltd



Sonrasc le haghaidh earraí tí éagsúla ar  
cios á n-úsáid ag toscaireacht na hÉireann,  
dar dáta 7 Deireadh Fómhair 1921, a bhfuil  
seoladh Airt Uí Bhriain air..

---

# **Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)**

- 2.7 Ar na príomhréimsí freagrachta atá ag an Aonad Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) laistigh den Chartlann Náisiúnta tá tacaíocht agus forbairt líonra; forbairt agus tacaíocht an bhunachair sonraí agus feidhmchláir eile; teileafónaíocht agus cumarsáid soghluaise; tacaíocht trealaimh agus bogearraí le haghaidh scannadh agus fótagrafaíocht intí; an trealamh closamhairc agus taifeadta slándála a chothabháil agus a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh ar nithe teicniúla i ndáil le láithreáin ghréasáin na Cartlainne Náisiúnta. Is ar an Aonad TFC atá an phríomhfhreagracht maidir le crua-earrai agus bogearraí ríomhaire agus trealamh TFC eile a fháil agus maidir le comhairleoireacht agus bainistiú a dhéanamh ar na conarthaí tacaíochta agus cothabhála iomchuí go léir.
- 2.8 In athbhreithniú neamhspleách a rinneadh ar na riachtanais TFC in 2021, sainaithníodh roinnt dúshláin ríthábhachtacha don Chartlann Náisiúnta maidir leis an mbonneagar reatha a bhainistiú i leith feidhmeanna corparáideacha mar aon le riachtanais TFC a bhí iomchuí ó thaobh an ghnó de. Breithníodh riachtanais TFC na Cartlainne Náisiúnta sa todhchaí mar chuid den straitéis TFC níos leithne laistigh den Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus déanfar feidhmeanna ríthábhachtacha laethúla laistigh den Aonad TFC a aistriú chuig Aonad foriomlán TFC na Roinne in 2022.
- 2.9 Baineann foireann na Cartlainne Náisiúnta úsáid as *Axiell Adlib for Archives*, feidhmchlár bogearraí bainistithe bailiúchán lena dtugtar cumas iomlán chun bailiúcháin chartlainne a bhainistiú chun an Caighdeán Idirnáisiúnta Ginearálta um Thuairisc Chartlainne a chomhlíonadh. Glacadh cinneadh *Axiell Collections* a uasghrádú in 2021.<sup>4</sup> Táthar ag súil leis go gcuirfear é sin i ngníomh in 2022. Faoi láthair, baintear úsáid as córas saincheaptha rianaithe sa Chartlann Náisiúnta chun doiciméid chartlainne a aistriú idir stórais agus na Seomraí Léitheoireachta. De réir mar a tharla i mblianta roimhe seo, bhí athbhreithniú leanúnach ar bun maidir leis an gcóras agus rinneadh an chothabháil agus uasghrádú de réir mar ba ghá.
- Digitíú**
- 2.10 Chuir an tAonad TFC tacaíocht ar fáil le haghaidh obair dhigitithe le linn 2021. Chomhoibrigh sé leis an Aonad Íomháithe Dhigitigh maidir le híomhánna digiteacha de chartlanna a bhainistiú. Déanann an tAonad Íomháithe Dhigitigh íomhánna a stórail ar fhreastalaithe agus tá leithdháileadh 16TB aige don stórail. Faoi dheireadh 2021, bhí 10TB den spás úsáidte.

---

<sup>4</sup> Níor forbraíodh *Adlib for Archives* le roinnt blianta anuas agus ní bheidh tacaíocht Axiell ann dó ón 1 Meán Fómhair 2024.


---

## Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

### Beartais slándála agus úsáide

2.11

Tá an tAonad TFC ar an eolas i gcónaí maidir leis an ngá atá ann suíl ghéar a choinneáil ar an gcleachtas slándála córas TFC is fearr chun a chinntíú go ndéanfar gach feidhmchlár agus córas a uasghrádú go rialta.



Ceadúnas dar dáta 29 Bealtaine 1921. 'Tá cead ag an sealbhóir, an tUas. Chaloner Smith, Bord na nOibreacha, Caisleán Bhaile Átha Cliath, dul isteach i dTeach an Chustaim, Baile Átha Cliath, agus é i mbun a chuid dualgas. Tá cead aige freisin sibhialtach fireann amháin a bheith leis – beidh an tUas. Chaloner Smith freagrach as iontaofacht an duine sin'.

# Cóiríocht

## Tionscadal Taisclainne Cairteanna

- 2.12 Chuir éifeachtaí díreacha Covid-19 ar thionscal na tógála isteach ar an gcur chun cinn maidir leis an Tionscadal Taisclainne Cairteanna a chur chun cinn, tionscadal lena mbaineann comhpháirtíocht le hOifig na nOibreacha Poiblí chun stóras ar cháilíocht cartlainne a fhorbairt laistigh den struchtúr trádстórais ag an bhfoirgneamh atá againn i Sráid an Easpaig. Táthar ag súil leis go n-atosófar ar an tionscadal in 2022 i dtéarmaí an phróisis tairisceana agus chonarthachta.
- 2.13 Fad a bheidh sí ag feitheamh ar chríochnú an Tionscadail Taisclainne Cairteanna, ní bheidh an Chartlann Náisiúnta fós in ann glacadh le réimse iomlán na dtaifead Roinne atá incháilíthe lena n-aistriú de réir an cheanglais reachtuil lena n-áirítear riaráistí suntasacha taifead, cuid díobh de dháta go déanach sa 19ú haois. Mar a tharla i mblianta roimhe seo, iarradh ar roinnt de na Ranna taifid nach bhfuil muid in ann iad a ghlacadh a choinneáil.
- 2.14 Mar gheall ar easpa spáis i Sráid an Easpaig, comhaontaíodh le OOP in 2013 go bhféadfaí an lín is lú de na taifid atá 30 bliain d'aois agus a bhaineann le beartas arna n-aistriú go bliantúil ag lín teoranta de Ranna agus d'oifigí ardphróifile a stóráil i stóras tráchtála lasmuigh den láthair tar éis iad a scaoileadh lena n-iniúchadh ag an bpobal an 1 Eanáir gach bliain. Tógtar na taifid sin ón stóras tráchtála de réir mar a iarrtar é. Leanfaidh an socrú sin ar aghaidh go dtí go gcríochnófar an Tionscadal Taisclainne Cairteanna.
- 2.15 Rinneadh pleannanna chun na spásanna oifige ar urlár 5 a uasghrádú d'fhoínn saoráidí foirne a chomhdhlúthú agus a fheabhsú. Déanfar an tionscadal sin a chur chun cinn in 2022.

## Áitreabh ag na Ceithre Chúirteanna

- 2.16 Lean an Chartlann Náisiúnta ar aghaidh le háitiú an stórais taisclainne i bhfoirgneamh iar-Oifig Taifead Poiblí na hÉireann ag na Ceithre Chúirteanna le linn 2021 agus lean sí ar aghaidh le hathchóiríocht na gcairteanna arna stóráil ansin chun dlús cóiríochta níos mó agus feabhsuite móra sa timpeallacht stórála a bhaint amach.

# Rialachas

## Bainistiú priacal

2.17

Rinne an Chartlann Náisiúnta a clár priacal a athbhreithniú agus a dhaingniú in 2021 de réir na dtosaíochtaí gnó. Os rud é go raibh imthosca eisceachtúla ann mar gheall ar phaindéim Covid-19, choimeád an bhainistíocht clár priacal Covid-19 freisin agus rinneadh faireachán air i gcomhréir lenár bPlean Freagartha Covid-19.

Go háirithe, tugadh na priacail ionchasacha seo faoi deara:

- Caillteanas eolais agus cumais chorparáidigh trí scor/ath-imlonnú agus moill/mainneachtain foireann ionadach a cheapadh go tráthúil
- Neamhábaltacht taifid a fháil agus dá bhri sin a gcaomhnú a áirithíú mar gheall ar easpa spáis is oiriúnach le haghaidh stóráil sa Chartlann Náisiúnta
- Easpa beartais maidir le bainistiú taifead don Stát atá cuimsitheach foirmiúil
- Taifid agus cairteanna leictreonacha a chailleadh nó caillteanas rochtana orthu mar gheall ar mheáin stórála a bheith ag meathlú agus/nó iomarcaíocht córas obríochta
- Díothú na gcairteanna faoinár gcoimeád nó damáiste don chéanna mar gheall ar spás stórála a bhfuil droch-chaoi air
- Cairteanna a chur as áit tar éis iad a fháil ar ais tar éis comhchomhairliúcháin le léitheoirí
- Díothú cairteanna nó taifead nó damáiste le linn dóibh a bheith faoi bhealach go dtí ár bhfoirgnimh, ó na foirgnimh sin nó eatarthu
- Gadaíocht cairteanna

## Sainfháil seirbhísí

2.18

Rinne an bhainistíocht plean nua sainfhála don bhliain 2021 mar aon le beartais fhoirmiúla agus nósanna imeachta foirmiúla a forbairt in 2020 agus tugadh isteach iad agus dámhadh roinnt conarthaí nua tríd an gcóras sin.

Tá caidreamh ann idir an Chartlann Náisiúnta agus an Oifig um Sholáthar Rialtais ar bhonn leanúnach maidir leis an gcur chuige is fearr i ndáil le seirbhísí seachtracha a chur ar chonradh. Áirítear ar sin comhairle a fháil maidir leis an dea-chleachtas sainfhála agus tairiscintí a chur amach le haghaidh earraí agus seirbhísí trí chreata de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais más féidir é, agus rochtain ar an saineolas agus an luach ar airgead iomchuí á gcinntíú dá bharr sin. Oibríonn an Chartlann Náisiúnta go dlúth freisin leis an Aonad Sainfhála sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaón, Gaeltachta, Spóirt agus Meán chun a cheanglais rialála agus tuairiscithe a chomhlíonadh maidir le sainfháil.

## Plean Dóiteáin, Sábháilteachta agus Éigeandála

2.19

Le linn 2021, leanamar ar aghaidh chun cur leis an dul chun cinn a bhí déanta sna blianta roimhe seo maidir le sábháilteachta dóiteáin. Coinníodh an chothabháil ar gach córas agus trealamh braite agus síoltaíthe dóiteáin chun dáta.

2.20

Nuashonraíodh ár bPlean Athshlánaithe ó Thubaiste in 2021 freisin.

# 3 Cairteanna a fháil agus Seirbhísí Taifid don Rialtas



---

## Cairteanna a fháil agus Seirbhísí Taifid don Rialtas

3.1 Faigheann an Chartlann Náisiúnta taifid cartlainne arna gcruthú ag Ranna Stáit agus na cúirteanna ar gach leibhéal, dá ngairtear ‘taifid Roinne’ de réir an tsainordaithe dlíthiúil faoin Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986. Ina theannta sin, tá sé de chumhacht ag an gCartlann Náisiúnta taifid agus doiciméid de thionscnamh neamh-oifigiúil a fháil i gcás go measfar gur fiú iad a chaomhnú agus go gcuirfidh siad leis na sealbhúcháin atá ann cheana de thaifid Roinne nó gur fiú iad a chaomhnú agus baol ann go ndíothófar iad.

### Príomh-Fhorálacha an Acharta um Chartlann Náisiúnta, 1986 agus Rialachán i ndáil le taifid Roinne

3.2 San Acht, úsáidtear an téarma ‘taifid Roinne’ mar mhíniú ar thaifid de chuid na nithe seo a leanas:

- Ranna Rialtais
- Na cúirteanna
- Na comhlachtaí eile a liostaítear sa Sceideal a ghabhann leis an Acht agus
- Coistí, coimisiúin agus binsí fiosrúcháin arna gceapadh ag an Rialtas, comhalta den Rialtas nó ag an Ard-Aighne

3.3 Féadfar na príomh-fhorálacha den Acht maidir le taifid Roinne a choimriú mar a leanas:

### Alt 7 – Taifid Roinne a choimeád agus a dhiúscairt

Ní foláir taifid Roinne a chaomhnú mura n-údaróidh Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta nó oifigeach eile don Chartlann Náisiúnta a bheidh ainmnithe chun na críche sin ag an Stiúrthóir, i scríbhinn, iad a dhiúscairt. Sula n-údarófar diúscairt, ní foláir don Stiúrthóir nó don oifigeach eile a bheith deimhin de nach fiú na taifid a chaomhnú sa Chartlann Náisiúnta.

### Alt 8 – Taifid Roinne a aistriú go dtí an Chartlann Náisiúnta

Ní foláir, i gcoitinne, taifid Roinne atá níos sine ná 30 bliain d’aois a aistriú go dtí an Chartlann Náisiúnta mar a gcuirfear ar fáil iad don phobal lena n-iniúchadh. Féadfaidh Roinn taifid áirithe a choimeád agus/nó iad a choimeád óna n-iniúchadh ag an bpobal sa chás amháin go mbeidh siad faoi chumhdach ag deimhnithe arna ndéanamh:

- Faoi Alt 8(2) sa chéill go bhfuil siad i ngnáthúsáid sa Roinn sin nó go dteastaíonn siad i ndáil le riadaradh na Roinne agus go gcuirfeadh a n-aistriú go dtí an Chartlann Náisiúnta isteach go mór ar riadaradh na Roinne sin

---

## Cairteanna a fháil agus Seirbhísí Taifid don Rialtas

- NÓ FAOI ALT 8(4) SA CHÉILL, DÁ GCUIRFÍ AR FÁIL IAD DON PHOBAL LENA N-INIÚCHADH:
  - a. go mbeadh sin ar neamhréir le leas an phobail, nó
  - b. gur sárú dualgais reachtúil nó sárú ar mheon macánta a bheadh ann nó a d'fhéadfadh a bheith ann ar an ábhar go bhfuil eolas ar fáil iontu a tugadh i modh rúin, nó
  - c. gur cúis tochail nó contúirte do dhaoine beo a bheadh ann nó a d'fhéadfadh a bheith ann ar an ábhar go bhfuil eolas ar fáil iontu faoi dhaoine aonair, nó go mbeadh sé nó go bhféadfadh go mbeadh sé ina ábhar caingne le haghaidh damáistí mar gheall ar chlúmhilleadh

Ní foláir aon deimhniú den sórt sin a bheith arna dhéanamh ag oifigeach a bheidh ar chéim Príomh-Oifigigh ar a laghad a bheidh ceaptha ag Ard-Rúnaí na Roinne mar Oifigeach Deimhniúcháin. Maidir le deimhnithe arna ndéanamh faoi Alt 8(4) ag Oifigigh Deimhniúcháin, seachas Roinn an Taoisigh, is gá toiliú roimh ré ó dhuine de na hOifigigh Toilithe de chuid Roinn an Taoisigh ina leith.

### Taifid Roinne a ullmhú lena n-aistriú

- 3.4 Faoi Rialachán 5 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, Rialacháin, 1988, tá Ranna freagrach as sceidil a ullmhú ina liostaítear taifid atá le haistriú, as a dttaifid a eagrú, a uimhriú, a ghlacadh, a phacáil agus a lipéadú agus as iad a iompar go dtí an Chartlann Náisiúnta, agus na nithe sin go léir de réir na dtreoirí arna n-eisiúint ag an Stiúrthóir mura mbeidh socruithe malartacha ceadaithe roimh ré ag an Stiúrthóir.

### Ábhair Chartlainne agus Seirbhísí Rialtais

- 3.5 Is é Ábhair Chartlainne agus Seirbhísí Rialtais an rannán riarracháin laistigh den Chartlann Náisiúnta a bhfuil de fhreagracht air taifid Roinne a bhreithmheas, a bhailíú agus a bhainistiú chun iad a chaomhnú. Tá an rannán comhdhéanta de dhá aonad, Bainistiú Ábhar Cartlainne agus Taifid Reatha, arna mbainistiú ag beirt Chartlannaithe Sinsearacha faoi mhaoirseacht Coimeádaí. Go luath in 2021, 1 Choimeádaí, 2 Chartlannaí Sinsearach, 4 chartlannaí (a raibh 3 díobh sannta do Bhainistiú Ábhar Cartlainne agus 1 díobh sannta do Thaifid Reatha) agus foireann tacaíochta riarracháin ar a raibh 1 Oifigeach Feidhmiúcháin agus 1 Oifigeach Cléireachais arna roinnt idir an dá aonad, an leibhéal foirne a bhí ag an Rannán.<sup>5</sup> I mí Feabhra, cuireadh cartlannaí ón Aonad Bainistithe Ábhar Cartlainne ar iasacht chuig an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige ar feadh dhá bhliain.

---

5 I mí na Samhna 2021, d'aistrigh an tOifigeach Feidhmiúcháin chuig An Rannán Stórála agus Caomhnaithe Ábhar Cartlainne.

---

## Archives Acquisition and Records Services to Government

I mí Aibreáin 2021, thosaigh sé chartlannaí ar chonradh ag obair san Aonad Bainistithe Ábhar Cartlainne ar feadh tréimhse 24 mhí chun cabhrú le haistriú taifead faoin Acht um Chartlann Náisiúnta (Leasú), 2018. Thosaigh an fhoireann ar chonradh le linn dianglasáil Covid-19 leibhéal 5. Tréimhse dhúshlánach agus am-íditheach a bhí sa tréimhse sin don fhoireann nua agus don Chartlannaí Sinsearach san Aonad araon agus oiliúint á cur ar an bhfoireann nua maidir leis na dualgais faoin reachtaíocht nua agus obair agus nósanna imeachta na Cartlainne Náisiúnta trí ghuthán, ríomhphost agus fisghlaoch. Ar an dea-uair, bhí na hacmhainní TF agus rochtain ar líonra na Cartlainne Náisiúnta ag an bhfoireann chun obair a dhéanamh ón mbaile. Tháinig foireann ar ais go dtí an Chartlann Náisiúnta ar róta dhá lá sa tseachtain i mí Bealtaine 2021.



Portráidí thoscaireacht na Breataine  
ar taispeáint ag 'An Conradh, 1921:  
Taifid ón gCartlann' i gCaisleán  
Bhaile Átha Cliath.



---

# Taifid Reatha

## Aonad na dTaifead Reatha

- 3.6 Ceadaítear le hAlt 7 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986 do Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta cead a thabhairt chun taifid nach fiú a choinneáil mar chartlanna a dhiúscairt. Tá úsáid bainte ag an gCartlann Náisiúnta as an bhforáil sin chun idirghabháil a dhéanamh sula mbeidh taifid 30 bliain d'aois mar shlí chun cabhrú le Ranna a n-oibleagáidí faoin reachtaíocht um chosaint sonraí a chomhlíonadh agus chun an costas ar an Státhiste a bhainfeadh le stóras tráchtála do thaifid nach bhfuil feidhm ghnó leo a thuilleadh a laghdú. Trí idirghabháil a dhéanamh go luath ciintítear freisin go sainaithnítear taifid ar fiú iad a chaomhnú go buan mar chairteanna. Cumasaíonn an méid sin cur chuige córasach maidir le taifid phoiblí a bhainistiú, acmhainní a leithdháileadh agus costais stórála agus idirghabhála a phleanáil le himeacht ama.

D'ainneoin na ndúshlán a d'eascair de bharr Covid-19 agus na srianta a bhí i bhfeidhm le linn 2021, lean Aonad na dTaifead Reatha den chaidreamh le Ranna chun a éascú dóibh iarrataí a dhéanamh ar dhiúscairt ar feadh 2021 (féach 3.19–3.21 thíos).

## Bainistiú taifead sa státseirbhís

- 3.7 Tá priacal tromchúiseach fós ag baint leis an easpa rialachán bainistithe taifead atá sa státseirbhís maidir le taifid phoiblí a chaomhnú. Lean an bhuairt faoi oibleagáidí faoin reachtaíocht um Chartlann Náisiúnta agus um chosaint sonraí le linn 2021, rud a d'fhág líon mór fiosruithe don Chartlann Náisiúnta.

Tá na buarthaí leanúnacha sin ann go díreach mar gheall ar an easpa rialachán bainistithe taifead agus easaontacht comhairle maidir le sonraí pearsanta a choimeád. Bhí caidreamh ag an gCartlannaí Sinsearach, Aonad na dTaifead Reatha, le roinnt líonraí sa státseirbhís in 2021 in iarracht chun leanúint de phróifil na Cartlainne Náisiúnta a mhéadú agus chun aird a dhíriú ar an ngá atá le cleachtais chuí maidir le taifid a choimeád agus faireachán a dhéanamh thar shaolré iomlán taifead.

---

## Taifid Reatha

3.8 Le linn 2021, tugadh cur i láthair do na comhlachtaí státseirbhíse agus seirbhíse poiblí seo a leanas maidir le bainistiú taifead, cartlanna, cosaint sonraí agus oibleagáidí faoin Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986:

- An Roinn Iompair
- An Coimisiún um lomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí
- An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
- An Roinn Dlí agus Cirt
- An Roinn Sláinte
- An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
- Lónra Bainistíochta Eolais na Státseirbhíse
- Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána

3.9 Tá buairt ann i gcónaí mar gheall ar na saincheisteanna ar díríodh aird orthu i dtuarascáil bhliantúil, 2020 uaim maidir le comhlachtaí nach dtagann faoi réim an Actica um Chartlann Náisiúnta, 1986 i dteannta an easpa straitéisí maidir le taifid phoiblí a chaomhnú go digiteach.

Beidh priacal caillteanas ann go leanúnach don taifead poiblí gan caighdeáin éigeantacha maidir le taifid agus sonraí oifigiúla rialtais a bhainistiú agus beidh an Stát faoi dhliteanas maidir le mainneachtain leasanna geallsealbhóirí agus saoránach a chosaint.

3.10 Lean Ranna de bheith ag brath an iomad ar sholáthraithe stóras tráchtála do thaifid chun taifid pháipéir a bhainistiú agus gan straitéisí maidir le caomhnú digiteach agus cur chuige caighdeán-bhunaithe maidir le bainistiú faisnéise leanfaidh an priacal go gcaillfear taifid phoiblí nó nach mbeidh rochtain orthu. Is ábhar buartha i gcónaí é caighdeán chuid de na soláthraithe stóras tráchtála atá á n-úsáid ag Ranna Rialtais.

3.11 Le linn 2021, lean an Chartlann Náisiúnta de chaidreamh le cartlannaithe gairmiúla agus bainisteoirí taifead a ceapadh i roinnt Ranna agus comhlachtaí poiblí agus tacaíocht a thabhairt dóibh. Cé go bhfuil tasc ollmhór rompu, tá na daoine sin ag déanamh dul chun cinn maith chun dul i ggleic le cuid de na saincheisteanna coimeádta taifead a bhfuil siad ag tabhairt aghaidh orthu, lena n-áirítear faireachán ar fheidhmchláir chun taifid a dhiúscairt nach fiú iad a choimeád go buan agus riaráistí taifead a ullmhú lena n-aistriú go dtí an Chartlann Náisiúnta.

---

## Taifid Reatha

Tá tionchar á imirt ar an bhfeasacht ar oibleagáidí faoin reachtaíocht um chartlann náisiúnta ag cartlannaithe gairmiúla agus bainisteoirí taifead a bheith lonnaithe i Ranna chomh maith le caidreamh méadaithe leis an gCartlann Náisiúnta.

Chuir Covid-19 isteach ar iarrachtaí ag an Rannán Ábhar Cartlainne agus Seirbhísí Rialtais chun líonra foirméalta cartlannaithe agus bainisteoirí taifead ag obair sa státseirbhís a bhunú. Táthar ag súil leis an tionscnamh sin a chur chun cinn in 2022.

- 3.12** Níl aon ról reachtúil ag an gCartlann Náisiúnta faoin reachtaíocht maidir le maoirseacht ar bhainistiú taifead sa státseirbhís nó sa tseirbhís phoiblí. Féadfaidh an Chartlann Náisiúnta comhairle a thabhairt maidir le hábhair a baineann le taifid ar fiú iad a chaomhnú go buan mar chairteanna, ach níl aon chumhacht ag an gCartlann Náisiúnta comhlíonadh an chéanna a fhorfheidhmiú. Leanann Éirinn de bheith asluiteach sa mhéid sin i gcomhthéacs Eorpach agus idirnáisiúnta araon.
- 3.13** Le linn 2021, thug Aonad na dTaifead Reatha aiseolas agus comhairle do roinnt Ranna agus gníomhaireachtaí maidir le saincheisteanna a bhaineann le bainistiú taifead agus beartais choimeádta de réir mar a léirítear thíos:
- An Coimisiún um lomaíocht agus Cosaint Tomholtóirí
  - An Roinn Gnóthaí Eachtracha
  - An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail
  - An Roinn Iompair
  - An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
  - An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
  - Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit
  - An tSeirbhís um Cheapacháin Poiblí
  - An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
  - Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann
  - An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnté
  - An tSeirbhís Chúirteanna
  - An tÚdarás Clárúcháin Maoine
  - An Oifig Luachála
  - An tÚdarás um Ard-Oideachas

Details.

Telephones:  
WESTERN ONE (101 LINES)  
(DAY & NIGHT)  
Telegrams:  
"EVERYTHING, HARRODS, LONDON."

TO HER MAJESTY  
THE QUEEN.



AS DRAPERS &  
FURNISHERS.

REG. NO. I 82

Who.

PAGE

The Irish Delegation Office,

22, Hans Place,

S.W.

IN ACCOUNT WITH

**HARRODS LTD.**  
LONDON,  
S.W.1.

WEEK ENDING

November 21

CHEQUES SHOULD BE CROSSED BARCLAYS BANK LIMITED.

Nov. 8th

1 bx	Crackers	9	0				
1 bx	Do	10	3				
1	Fancy Baskets	2	1	0			
1 lb	J. Bonbons	3	6				
1 lb	Peppermints Lumps	2	8				
1 bx	E. Sweets	6	9				
1 bx	Assorted Sweets	3	6				
1 bx	M. Brazils	4	6				
1 lb	Peppermint Liquers	3	0				
3 lbs	Assorted Chocolates 4/6	13	6				
1	Serviettes	1	6				
1 doz	Do		7				
1	D. O'yleys	1	3				
1,doz	Do	1	1				
1 doz	Do		10				
1 doz	Ice Cases	6	9				
6	Fancy Baskets 9/6	2	17	0			
1 bx	Fruits		8	6			
2	Baskets 18/6 c.f.	1	17	0			
					10	12	2

Sonrasc de chuid Harrod's a bhfuil seoladh thoscaireacht na hÉireann i Hans Place air, le haghaidh earraí ar soláthraíodh idir 8 agus 10 Samhain 1921, earraí is dócha le haghaidh chóisir a réachtáladh an 19 Samhain.

Cartlann Náisiúnta, DE/3/1/273

---

## Taifid Reatha

- 3.14** Cé gur ábhar dóchais é go bhfuil go leor comhlachtaí ag déileáil le bainistiuú taifead mar ní tromchúiseach, tá difríocht mhór ann i gcónaí maidir le caighdeán na mbeartas atá forbartha agus an tuiscint go foriomlán i dtaobh coincheapanna agus forbairtí maidir le taifid a choimeád.

I roinnt cásanna ní bhíonn gníomh leantach ann ná ní chuirtear an beartas bainistithe taifead i ngníomh agus táthar ag leanúint d'acmhainní nach leordhóthanach a chur ar fáil don bhainistiuú taifead ag an leibhéal Rannach agus gníomhaireachta. Léiríonn go leor den doiciméadacht an bhuairt maidir le cosaint sonraí agus ní chuirtear i gcuntas léi na hoibleagáidí níos leithne maidir le taifid a choimeád, lena n-áirítear oibleagáidí reachtúla faoin reachtaíochta um chartlann náisiúnta. Cé go bhfáiltítear roimh gairmithe faisnéise a earcú i roinnt Ranna agus gníomhaireachtaí, is eisceachtaí iadsan i gcónaí agus braitear nach dteastaíonn aon eolas ná scileanna speisialtóra maidir le bainistiuú taifead. Is ról speisialtóra atá i gceist le faisnéis a bhainistiuú a dteastaíonn foireann lánamearthá agus dhea-oilte ina leith chun tuiscint a bheith ann ar na castachtaí ionchuí dlí, eitice agus eagraíochtaúla a tharlaíonn.

- 3.15** Go luath in 2021, foilsíodh ar líne an sceideal coimeádta maidir le haicmí riarracháin ghinearálta taifead a fhaightear ar fud gach Roinn agus gníomhaireachta státseirbhís arna forbairt ag an Aonad Taifead Reatha. Is treoir phraiticiúil atá ansin ar glacadh leis agus a scaipeadh go fairsing ar Ranna agus gníomhaireachtaí araon, lena n-áirítear comhlachtaí nach dtagann faoi réir na reachtaíochta um chartlann náisiúnta faoi láthair. Is cosúil go bhfuil leanúnachas níos fearr ag teacht as an sceideal coimeádta ó thaobh taifid a shaináithint lena gcaomhnú go buan. Cheal aon chumhachtaí reachtúla, d'fhorbair an Chartlann Náisiúnta an doiciméad ar an tuiscint gur gá údarú sonrach ó Stiúrthóir na gCartlann Náisiúnta chun aon taifid a dhiúscairt.

### Bainistiú taifead sa Chartlann Náisiúnta

- 3.16** In 2021, leanadh den dul chun cinn leis an tionscadal inmheánach bainistithe maidir le taifid ghnó arna gcruthú ag an gCartlannaí Sinsearach, Taifid Reatha. Mar thoradh ar obair ullmhúcháin arna

---

## Taifid Reatha

déanamh ag an Rannán Ábhar Cartlainne agus Seirbhísí Rialtais agus Oifig an Stiúrthóra – lena n-áirítear struchtúr nua comhad agus scéim aicmiúcháin a forbairt agus a chur i ngníomh – bhí ascnamh rathúil ann chuig córas bainistithe doiciméad *eDocs* in Aibreán 2021. Is córas é sin atá tógtha ar ardán saincheaptha *Microsoft SharePoint* atá á sholáthar go céimneach ar fud na státseirbhíse ag Oifig an Phríomh-Oifigigh Faisnéise mar chuid de chur i ngníomh na sraithe feidhmchlár *Build to Share*.

Cuirfidh soláthar céimneach an chórais laistigh den Chartlann Náisiúnta leis an bhfaireachán agus an bhainistiú ar ár dtaifead gnó féin mar aon le staid straitéisearch a sholáthar óna bhféadfar ionchur bainistithe cartlann agus taifead a chur ar fáil do chomhghleacaithe in Oifig an Phríomh-Oifigigh Faisnéise. Cuireadh isteach go mór ar phleananna chun an soláthar céimneach a leathnú amach chuig gach rannán sa Chartlann Náisiúnta mar gheall ar easpa leanúnach foireann TFC agus bonneagar digiteach nuálaíoch. Táthar ag súil leis aschamh iomlán chuig an gcóras sin a chur chun cinn in 2022.

### Breithmheas ar thaifid Roinne

3.17

Ní foláir taifid roinne a chaomhnú, mura ndéanfaidh Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta nó oifigeach eile de chuid na Cartlainne Náisiúnta arna ainmniú ag an Stiúrthóir chun na críche sin, údarú i scríbhinn a thabhairt chun iad a dhiúscairt. Sula ndéanfaidh an Stiúrthóir nó an t-oifigeach ainmnithe diúscairt a údarú, ní mór dó nó di a bheith deimhin de nach fiú don Chartlann Náisiúnta na taifid a chaomhnú. Maidir le hiarratais ar dhiúscairt cairteanna a mheasúnú, is gá na taifid agus na feidhmeanna gnó agus próisis ghnó arna ndoiciméadú iontu a bhreithmheas go cúramach. Faoi láthair, baineann formhór na n-iarrataí chun taifid a dhiúscairt le taifid seanpháipéir leagáide.

Cé go gcuirtear fáilte roimh iarrachtaí dul i ngleic le saincheisteanna leagáide, ní foláir do Ranna agus gníomhaireachtaí a bheith réamhghníomhach maidir le taifid reatha a bhainistiú chun a chinntiú nach dtarlóidh cuid de na saincheisteanna sin arís. Tá iarracht déanta ag an Aonad Taifead Reatha a bheith réamhghníomhach agus praiticiúil le linn dó iarratais a mheasúnú, lena n-áirítear údarú a mholadh chun diúscairt a dhéanamh go leanúnach fad a bheidh sraith taifead ag fabhrú. Cheal rialacháin bainistithe taifead, fágann laige sa reachtaíocht reatha nach féidir leis an gCartlann Náisiúnta, ar leibhéal praiticiúil, údarú ginearálta diúscartha a sholáthar maidir le taifid ar léir nach bhfuil aon luach cartlainne leo seachas a bhfeidhm gnó.

Le linn 2021, chuir an Cartlannaí Sinsearach agus an cartlannaí, Taifid Reatha, túis le tionscadal chun taifid arna gcruthú ag an gCoimisiún um lomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí a bhreithmheas go réamhghníomhach. Cé gur bunaíodh

---

## Taifid Reatha

é in 2014, fuarthas amach go bhfuil an Coimisiún um lomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí faoi réir an Acharta um Chartlann Náisiúnta, 1986 trí leasú neamhthéacsúil ar an Acht a fhágann, má dhéantar tagairt i reachtaíocht bhunaitheach an chomhlachta nua do chomhlacht a bhí ann cheana, gur féidir an méid sin a fhorléiriú mar thagairt don chomhlachta nua. I gcás an Choimisiúin um lomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, ciallaíonn an méid sin gur féidir an tagairt d'Oifig an Stiúrthóra Gnóthaí Tomhaltóra, ar comhlacht é a liostaítear sa sceideal a ghabhann leis an Acharta um Chartlann Náisiúnta, 1986, a fhorléiriúanois mar thagairt don Choimisiún um lomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí agus go bhfuil an comhlacht sin faoi réir na reachtaíochta a bhí ann sula raibh sé ar marthain.

Baineann breithmheas chórasach leis an tionscadal sin ar thaifid reatha ghnó agus ionchur maidir le sceidil choimeádta a fhorbairt mar aon le treoir maidir le struchtúir ionchasacha aicmiúcháin agus comhad. Cinnteofar leis an tionscadal sin go sainaithneofar taifid ar fiú iad a chaomhnú go buan laistigh den Choimisiún um lomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí agus cabhróidh sé chun cur chuige caomhnaithe deartha maidir le taifid a choimeád laistigh den eagraíocht a fhorbairt. Beidh sé freisin ina chruthúnas coincheapa don Chartlann Náisiúnta le linn cur chuige níos foriomláine a fhorbairt maidir le measúnacht a dhéanamh ar thaifid phoiblí i dtimpeallacht digiteach nuálaíoch. Chuir srianta sláinte poiblí a tugadh isteach de bharr phaindéim Covid-19 isteach ar an tionscadal sin agus táthar ag súil go gcríochnófar é in 2022.

- 3.18** Le linn 2021, chuir an tAonad Taifead Reatha 20 iarratas ar dhiúscairt i gcrích. Mar thoradh ar sin, diúscaíodh 3,000 bosca stórais, tuairim is 271,295 comhad, tuairim is 54,000 bileog scaoilte agus 350 scarbhileog nár bhí iad a chaomhnú go buan mar chairteanna agus a raibh deireadh tagtha leis an bhfeidhm ghnó nó dhlíthiúil a bhí leo. Bhain formhór na dtaipead sin le gníomhaíochtaí a phróiseáil agus taifid nach raibh faisnéis ar leith iontu. I ngach cás, bhí an t-údarú chun iad a dhiúscairt faoi réir roinnt coinníollacha. Mar thoradh ar an méid sin, tá coigiltis leanúnacha ann don Státhiste agus tá comhlíonadh oibleagáidí faoi reachtanna eile, lena n-áirítear an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018, méadaithe.

I gceithre chás, diúltáíodh údarú chun diúscairt a dhéanamh ar na forais gurbh fhiú na taifid a choimeád mar chairteanna agus bhí 3

TESTAMENT

Barry, Michael.

Donnybrooke, Co. Dublin.<sup>of City</sup>

Grant of Admōn wfa. 1<sup>st</sup>

Prerog: Gra

---

## Taifid Reatha

iarratas fós ar siúl faoi dheireadh 2021. Cuireadh i gcrích in 2021 12 iarratas eile ar cuireadh moill orthu in 2020 mar gheall ar Covid-19 agus diúltaíodh do dhá iarratas.

Tá liosta ionmán de gach iarratas ar dhiúscairt arna dhéanamh a deonaíodh agus a diúltaíodh in 2021 i bhFoscríbhinn E.

- 3.19** Le linn 2021, chuir Covid-19 isteach go mór ar chumas na fairne obair breithmheasa a dhéanamh. D'ainneoin sin, lean suirbhéanna breithmheasa ar thaifid ar aghaidh laistigh de na treoirlínte sláinte poiblí. Ainmníodh foireann de chuid na Cartlainne Náisiúnta mar oibrithe riachtanacha agus ceadaíodh dóibh taisteal chun obair riachtanach a dhéanamh le linn tréimhsí dianghlasála leibhéal 5. Tugadh faoi shuirbhéanna taifead sna Ranna agus na gníomhaireachtaí seo a leanas sna hionaid seo a leanas:

- An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Baile Átha Cliath, Loch Garman, Port Laoise, Bacastún agus an Tulach Mhór
- An Roinn Dlí agus Cirt, Baile Átha Cliath
- An Roinn Coimirce Sóisialaí, Sligeach
- An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, Baile Átha Cliath
- An Coimisiún um lomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, Baile Átha Cliath
- An Roinn Iompair, Baile Átha Cliath
- An Roinn Gnóthaí Eachtracha, Baile Átha Cliath
- An tÚdarás Clárúcháin Maoine, Baile Átha Cliath
- An Roinn Airgeadais, Baile Átha Cliath
- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, Baile Átha Cliath
- An Roinn Sláinte, Baile Átha Cliath
- Oifig na nOibreacha Poiblí, Port Láirge
- An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, Baile Átha Cliath
- Pobal, Baile Átha Cliath
- Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann, Baile Átha Cliath
- An Roinn Gnó, Fiontar agus Fostaíochta, Baile Átha Cliath

---

## Taifid Reatha

### Sonraí Oscailte

3.20 Le linn 2021, lean an Chartlann Náisiúnta den rannchuidiú leis an mBonneagar le haghaidh Achmhainní Teanga Eorpacha (ELRI), tionscadal atá bunaithe in ionad *Adapt* in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus arna thacú ag ár máthair-roinn chun acmhainn aistriúcháin ar líne a fhorbairt don Ghaeilge<sup>6</sup>. Leanfaidh an Chartlann Náisiúnta de thacaíocht a thabhairt don tionscadal sin de réir mar a théann sé ar aghaidh.

3.21 Is beag an dul chun cinn a rinneamar ar ár straitéis maidir le Sonraí Oscailte le linn 2021. Mar ghairmithe faisinéise, aithnímid go hiomlán an suntasacht a bhaineann leis an bhfaisnéis atá faoi choimeád againn agus an t-ionchas a bhaineann lena húsáid ag earnálacha éagsúla mar chuid den straitéis maidir le Sonraí Oscailte. Leanadh ar aghaidh le hobair theoranta maidir le tacair shonraí a ullmhú lena scaoileadh.

### Comholtas i nGasra Oibre Saineolaithe an Choimisiúin Eorpaigh um Thimpeallacht Dhigiteach a Fhorbairt don Oidhreacht Chultúrtha

3.22 In 2021, ceapadh an Cartlannaí Sinsearach, Taifid Reatha, mar ionadaí na hÉireann ar Ghasra Oibre Saineolaithe an Choimisiúin Eorpaigh um Thimpeallacht Dhigiteach a Fhorbairt don Oidhreacht Chultúrtha.

### Comhairle na bhForas Náisiúnta Cultúir agus cosaint sonraí


3.23 Bhí an Cartlannaí Sinsearach, Taifid Reatha, rannpháirteach i ngasra oibre neamhfhoirméalta maidir le cosaint sonraí i dteannta comhghleacaithe ó chomhlacthaí CNCL eile. Níor bh fhéidir pleananna chun siompóisiam leantach a óstú i mí Bealtaine 2019 a chur i gcrích mar gheall ar shrianta a tugadh isteach chun dul i ngleic le Covid-19. Táthar ag súil leis go bhféadfarr dul ar aghaidh leis an ócáid bheartaithe in 2022.

### Tionscadal ríomh-Chartlannaithe

3.24 D'fhreastail an Cartlannaí Sinsearach, An tAonad Taifead Reatha, ar roinnt sheimineáir ghréasáin maidir le dul chun cinn an tionscadail ríomh-Chartlannaithe. Cuireadh gach ócáid i bpearsa ar ceal le linn 2021. Ní an Chartlann Náisiúnta fós in ann gabháil go gníomhach don tionscadal sin mar gheall ar easpa foirne thar gach grád agus easpa acmhainní inár mbonneagar TFC.

---

6 <https://elri.dcu.ie/en-ie>.



Clúdach tosaigh dhialann  
Mhichíl Uí Choileáin do 1919.

Cartlann Náisiúnta, 2021/110/2

# Bainistiú Cairteanna

## An tAonad Bainistithe Ábhar Cartlainne

- 3.25 Is é an ról atá ag an Aonad Bainistithe Ábhar Cartlainne ná cairteanna a fhaigheann an Chartlann Náisiúnta, cibé acu ó Ranna Stáit agus comhlachtaí eile de réir Alt 8 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986 nó trí dheonacháin ó phearsana aonair príobháideacha, eagraíochtaí agus forais a fhorshealbhú agus a chatalógú. Mar gheall ar ról reachtúil na Cartlainne Náisiúnta, tá obair an Aonad Bainistithe Ábhar Cartlainne thíos ar thaifid arna n-aistriú ag Ranna Stáit agus comhlachtaí eile atá faoi réir an Achta. Cuireadh isteach go mór ar fhorshealbhú na dtaifead sin arís le linn 2021 mar thoradh ar phaindéim Covid-19.
- 3.26 **Taifid arna nAistriú ag Ranna Stáit, lena n-áirítear na Cúirteanna**  
Mar gheall ar an mbuaneaspa cóiríochta do chairteanna, níor éirigh leis an gCartlann Náisiúnta riamh réimse iomlán na dtaifead Roinne atá dlite lena n-aistriú a ghlacadh agus is bac an méid sin ar Ranna cláir oibre chórasacha a thionscnamh chun taifid a ullmhú lena n-aistriú de réir oibleagáidí dlíthiúla. Tá ráiteas maidir leis an staid i leith aistriú taifead amhail an 31 Nollaig 2021 leagtha amach i bhFoscábhinn C.
- 3.27 D'oibrigh formhór na fairne i Ranna Stáit go cianda ó mhí Eanáir 2021 go dtí gur cuireadh deireadh leis an dianghlásáil leibhéal 5 i mí Bealtaine. Lean an fhoireann i go leor Ranna de bheith ag obair ón mbaile nó bhí socruithe oibre chumaiscthe acu don chuid eile de 2021. Mar thoradh ar sin, níor ullmhaigh go leor Ranna Stáit aistrithe taifead go dtí an Chartlann Náisiúnta agus d'ullmhaigh roinnt eile aistriú laghdaithe.
- 3.28 Bhíothas ag súil leis go mbeifí in ann glacadh, in 2021, le haistrithe taifead thar téarma nó riaráiste arna n-ullmhú ag Ranna nach raibh an Chartlann Náisiúnta in ann rochtain a fháil orthu in 2019 agus 2020. Ar an drochuair, chuir tréimhsí dianghlásála leanúnacha Covid-19 moill eile ar aistrithe agus ní bhfuarthas ach líon de na haistrithe sin lena n-áirítear ón Roinn Coimirce Sóisialaí, an Roinn Airgeadais, an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

---

## Bainistiú Cairteanna

- 3.29** Cuireadh moill ar ullmhúcháin chun taifid a aistriú faoin Acht um Chartlann Náisiúnta (Leasú), 2018 in 2020 agus 2021 mar gheall ar an bpaindéim. Bhí pleannana maidir leis an reachtaíocht agus aistriú taifead atá níos sine ná 20 bliain d'aois ag dul chun cinn ó 2015. Cinneadh go ndéanfaí na taifid maidir le próiseas na síochána ag dul i dtreo Chomhaontú Aoine an Chéasta Bhéal Feirste, 1998 a scoileadh i mí Eanáir 2022. Le comhoibriú ó na Ranna Stáit iomchuí, eadhon Róinn an Taoisigh, an Róinn Gnóthaí Eachtracha, an Róinn Dlí agus Cirt agus Oifig an Ard-Aighne agus le tiomantas agus díograis fhoireann an Aonaid Bainistithe Ábhair Cartlainne lena n-áirítear na sé chartlannaí breise ar chonradh, próiseáladh taifid ón tréimhse 1992 go 1998 agus bhíodar réidh don réamhamharc do na meáin i mí na Nollag agus lena scoileadh leis an bpobal i mí Eanáir 2022.<sup>7</sup>

Is éacht a bhí ansin a baineadh amach de thoradh ar an bhfoireann sna Ranna Stáit iomchuí a bheith ag obair trí na tréimhsí dianghlásala ba ghéire chun a chinntí go raibh na taifid sin ullamh lena n-aistriú go dtí an Chartlann Náisiúnta faoi mhí na Nollag. D'oibrigh foireann na nÁbhar Cartlainne agus Sheirbhísí Rialtais sé lá sa tseachtain ó mhí Dheireadh Fómhair go dtí mí na Nollag chun na haistrithe a phróiseáil agus gach comhad a athlonnú chun a gcaomhnú agus a slándáil fadtéarma a áirithiú.<sup>8</sup>

- 3.30** Cé go ndearna an phaindéim leanúnach difear freisin d'aistrithe 30 bliain faoin Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, d'aistrígh deich Róinn Stáit taifid go dtí an Chartlann Náisiúnta le linn 2021. Bhí aistriú substaintiúil ó Cheanncheathrú na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus 13 ambasáid agus misean san áireamh.<sup>9</sup>
- 3.31** Tá mórfhálte le cur roimh chartlannaithe gairmiúla/bainisteoirí faisnéise a bheith i líon níos mó Róinn Rialtais agus comhlacht. Is céim riachtanach atá i gceist ansin chun aghaidh a thabhairt ar aistrithe

---

<sup>7</sup> Faoin Acht um Chartlann Náisiúnta (Leasú), 2018, rinne Róinn an Taoisigh ocht n-aistriú eile, 1992–1998; rinne an Róinn Gnóthaí Eachtracha, seacht n-aistriú eile, 1992–1996; rinne an Róinn Dlí agus Cirt, seacht n-aistriú eile, 1992–1998 agus rinne Oifig an Ard-Aighne, aistriú eile amháin do 1998.

<sup>8</sup> Aistríodh 2,380 comhad go dtí an Chartlann Náisiúnta faoin Acht um Chartlann Náisiúnta (Leasú), 2018 in 2021. Táthar ag súil le tuilleadh forshealbhúcháin le linn 2022 ó Róinn an Taoisigh agus ón Róinn Gnóthaí Eachtracha, a bhaineann go príomha le 1997 agus 1998.

<sup>9</sup> D'aistrígh Ceanncheathrú na Roinne Gnóthaí Eachtracha 3,581 chomhad i dteannta 1,441 comhad ambasáide agus misean.

---

## Bainistiú Cairteanna

riaráiste stairiúla ó chomhlachtaí atá faoi réir an Acharta um Chartlann Náisiúnta, 1986. D'ullmhaigh an bheirt chartlannaí a ceapadh le déanaí sa Roinn Iompair agus sa Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige aistrithe taifead go dtí an Chartlann Náisiúnta le linn 2021.

- 3.32 Leagtar amach i bhFoscríbhinn C1, Tábla C na taifid arna n-aistriú ag Ranna Stáit.

Mar gheall ar thréimhsí dianghlasála Covid-19, na srianta ar fhoireann a bheith i láthair sa Chartlann Náisiúnta agus an brú a bhain le déileáil le seacht m bliain breise de chomhaid Angla-Éireannacha arna n-aistriú faoin Acht um Chartlann Náisiúnta (Leasú), 2018, níor phróiseáil an tAonad Bainistithe Ábhar Cartlainne gach aistriú go hiomlán le linn 2021. Leanfaidh an obair sin ar aghaidh in 2022.

- 3.33 Faoin Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, dlitear taifid de chuid na gcúirteanna, lena n-áirítear taifid a bhaineann le probháid, a aistriú go dtí an Chartlann Náisiúnta agus a scaoileadh lena n-iriúchadh ag an bpobal nuair a bheidh siad 30 bliain d'aois. Roimhe sin, áfach, bhí taifid den sórt sin dlite lena n-aistriú go dtí coimeád cartlainne nuair a bhí siad 20 bliain d'aois faoin *Public Records (Ireland) Act, 1867*. Cinneadh, tar éis cruinniú le hionadaithe ón tSeirbhís Chúirteanna i mí Meán Fómhair 2015, go ndéanfadh na círteanna, go sealadach, scor de thaifid a aistriú go dtí an Chartlann Náisiúnta go dtí go ndéanfaí cinneadh críochnaitheach maidir le taifid ar bhain saincheisteanna cosanta sonraí leo a scaoileadh le haghaidh comhairliúchán poiblí agus bhí an deis ag an tSeirbhís Chúirteanna dul i gcomhairle le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí. Mar thoradh ar sin, ní bhfuarthas aon aistriú taifead de chuid na gcúirteanna le linn 2021 agus tá an staid maidir le haistriú na dtaifead coimrithe i bhFoscríbhinn C thíos. Ina theannta sin, is gá go ndéanfar aghaidh a thabhairt ar stádas na Seirbhise Cúirteanna ar leith ó “na Cúirteanna” nó “Oifigí Cúirte” faoin Acht um Chartlann Náisiúnta.

### Aistriú Taifead ag comhlachtaí sceidealta

- 3.34 Níl an Chartlann Náisiúnta fós in ann cainníochtaí móra taifead a fhorshealbhú atá dlite lena n-aistriú ó go leor de na 61 chomhlacht atá liostaithe sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chartlann Náisiúnta fad atáthar ag feitheamh ar chóiríocht do chairteanna trí chríochnú an Tionscadail Taisclainne Cartlainne, atá le tosú in 2022.

---

## Bainistiú Cairteanna

- 3.35 D'fhorshealbhaigh an Chartlann Náisiúnta líon laghdaithe taifead ó chomhlachtaí sceidealta in 2021. Mar thoradh ar an obair chianda agus athrú pearsanra in Oifig an Ard-Aighne, aistríodh go páirteach an sraith 'SR' dá cuid don bhliain 1991. Rinne an Oifig an chéad aistriú taifead faoin Acht um Chartlann Náisiúnta (Leasú), 2018.

D'aistrigh Oifig Ard-Rúnaí an Uachtaráin an t-aistriú do 2020 in 2021 mar gheall ar an bpaindéim agus daoine a bheith ag obair go cianda. Tá achoimre ar na taifid a forshealbhaíodh i bhFoscríbhinn C.

### Taifid arna bhforshealbhú ó fhoinsí eile

- 3.36 Féadfaidh an Chartlann Náisiúnta taifid a fháil freisin ó fhoinsí eile, poiblí agus príobháideach, trí cheannach, deonachán, tiomnú nó iasacht de réir ailt 2(1)(c) agus 4(1)(f) den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986. Arís le linn 2021, fuair an Chartlann Náisiúnta líon méadaithe tairiscintí de thaiscí príobháideacha. Fuarthas líon beag forshealbhuithe a chomhlíon na treoirlínte i mBeartas Fála na Cartlainne Náisiúnta agus arbh fhéidir cóiríocht a chur ar fáil dóibh. Tá achoimre ar na taifid a forsealbhaíodh i bhFoscríbhinn C.

### Oiliúint maidir le taifid a aistriú

- 3.37 Cuireann Ábhair Chartlainne agus Seirbhísí Rialtais oiliúint ar fáil do Ranna Rialtais, comhlachtaí sceidealta agus na cúirteanna maidir le taifid a ullmhú lena n-aistriú go dtí an Chartlann Náisiúnta. Cuireann foireann ón Aonad Taifead Reatha agus Aonad Bainistithe Ábhar Cartlainne de chuid an Rannáin Ábhar Cartlainne agus Seirbhísí Rialtais an leathlae oiliúna i láthair. Mar thoradh ar na seisiúin oiliúna seo, tá feabhas tagtha ar chaighdeán na n-aistrithe go dtí an Chartlann Náisiúnta agus ar an gcumarsáid idir státseirbhísigh agus foireann san Aonad Bainistithe Ábhar Cartlainne. Le linn 2021, leathnaigh Ábhair Chartlainne agus Seirbhísí Rialtais an clár oiliúna chun réamhrá a áireamh maidir leis an gCartlann Náisiúnta agus athlonnú taifead chun caomhnú fadtéarma a chinntiú. Is go cianda a cuireadh oiliúint ar fáil le linn 2021. Seoladh líon níos lú seisiún oiliúna maidir le taifid a aistriú le linn na bliana mar go raibh foireann sna Ranna Stáit ag obair go cianda.

---

## Bainistiú Cairteanna

Cuireadh oiliúint ar fáil do na Ranna seo a leanas:

- An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
- An Roinn Dlí agus Cirt
- An Roinn Gnóthaí Eachtracha

### Réamhamharc do na Meáin ar thaifid arna scaoileadh in Eanáir 2022

3.38 Gach mí Nollag, cuirtear roghnúchán de thaifid 30 bliain atá le scaoileadh ag Ranna Stáit agus comhlachtaí sceidealta an mhí Eanáir dár gcionn ar fáil d'ionadaithe na meán ag réamhamharc sa Seomra Léitheoireachta.

3.39 Mar gheall ar phaindéim Covid-19 agus chun ceanglais an Rialtais maidir le scaradh sóisialta a chomhlíonadh, b'éisgean dúinn líon na n-iriseoirí sa Seomra Léitheoireachta a laghdú. Fadaíodh an réamhamharc do na meáin go dtí seacht lá seachas an gnáth réamharmharc trí lá chun a chinntíú go raibh am ag na hiriseoirí an líon méadaithe comhad a bhain le nithe Angla-Éireannacha a bhí le scaoileadh faoin Acht um Chartlann Náisiúnta (Leasú), 2018 a scrúdú. Tugadh isteach nósanna imeachta nua chun timpeallacht slán a sholáthar don fhoireann agus do na hiriseoirí araon.

3.40 Cuireadh cosc ar aon fhaisnéis ó na taifid a cuireadh ar fáil don réamhamharc do na meáin a fhoilsiú nó a chraoladh roimh 00:01 Dé Céadaoin an 28 Nollaig 2021.

### Tacaíocht don Rialtas agus seirbhísí poiblí

3.41 Le linn 2021, lean foireann an Rannáin Ábhar Cartlainne agus Seirbhísí Rialtais de thacaíocht a chur ar fáil do chomhghleacaithe ar fud na státseirbhíse agus na seirbhíse poiblí agus do chomhghleacaithe laistigh den Chartlann Náisiúnta trí cheisteanna ar réimse fairsing saincheisteanna a fhreagairt. Orthu seo bhí rochtain ar thaifid, ceisteanna taighdeora maidir le bailiúcháin shonracha, tacáiocht do chartlannaithe Roinne agus d'fhoireann Roinne.

---

## Bainistiú Cairteanna

**3.42** Le linn 2021, tionóladh cruinnithe leis na comhlachtaí seo a leanas:

- An Roinn Sláinte
- Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
- An Rialálaí Carthanais
- Tailte Éireann
- An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
- Na Coimisinéirí loncaim
- An Roinn Dlí agus Cirt

**3.43** Chonaic an Rannán Ábhar Cartlainne agus Seirbhísí Rialtais, mar an gcéanna le gach rannán agus aonad oibríochta sa Chartlann Náisiúnta, méadú suntasach ar fhiosruithe ríomhphoist le linn 2021 agus freagraíodh iad go pras trínár struchtúir oibre chianda agus chumaiscthe.

4

# Cairteanna a Stóráil, a Chaomhnú agus a Bhuanú

---

## Cairteanna a Stóráil, a Chaomhnú agus a Bhuanú

- 4.1 Is é Cúram Bailiúchán an t-aonad gnó sa Chartlann Náisiúnta atá freagrach as stóráil, caomhnú agus buanú cairteanna a bhainistiú. Tá sé ar cheann de dhá aonad, in éineacht le Seirbhísí Poiblí (féach Alt 5 thíos) dá gcomhdhéantar an Rannán Cúraim Bailiúchán agus Seirbhísí Poiblí atá faoi cheannas ag Coimeádaí.
- 4.2 In 2021, is Caomhnóir Sinsearach agus Cartlannaí Sinsearach, dhá chartlannaí, Oifigeach Feidhmiúcháin amháin agus trí Oifigeach Cléireachais a bhí ar an bhfoireann san aonad Cúraim Bailiúchán. I mí Aibreáin 2021, d'éirigh cartlannaí amháin as an gCartlann Náisiúnta. I mí Dheireadh Fómhair 2021, d'aistrigh Oifigeach Cléireachais amach as an rannán agus aistríodh Oifigeach Cléireachais as Roinn eile. I mí na Samhna, d'aistrigh an tOifigeach Feidhmiúcháin isteach sa rannán. Tá dhá Oifigeach Cléireachais sa rannán. Ina theannta sin, bionn an Príomh-Oifigeach Seirbhísí agus Oifigigh Seirbhíse rannpháirteach in obair Chúram Bailiúchán trí chairteanna a chur ar sheilfeanna agus a athphacáil agus cairteanna a thabhairt ar aird as stórais agus a chur ar ais iontu nuair a theastaíonn siad lena n-úsáid ag an bpobal sa Seomra Léitheoireachta agus ón bhfoireann. Bionn Oifigigh Seirbhíse ar dualgas freisin ar urlár na talún chun fáiltíú roimh chuaирteoirí agus roimh chonraitheoirí agus chun cabhrú leo agus gabhann siad do dhualgais slándála agus sábháilteachta dóiteáin. I mí na Samhna 2021, d'éirigh dhá Oifigeach Seirbhíse as agus ceapadh dhá Oifigeach Seirbhíse nua ó phainéal a cruthaíodh i mí na Nollag 2020.
- 4.3 Is é an Caomhnóir Sinsearach an t-aon ghairmí atá ag feidhmiú feidhmeanna buanúcháin (féach 4.19 thíos).

## Cairteanna a Chaomhnú

- 4.4 Tá caomhnú cairteanna ar cheann de na príomhfheidhmeanna reachtúla atá ar an gCartlann Náisiúnta. Baineann an fhreagracht sin le hobair gach duine den fhoireann agus caitear mórchuid d'am oibre na foirne leis sin agus is gá acmhainní a chaitheamh leis go leanúnach.
- 4.5 Déantar gach forshealbhúchán nua taifead a phacáil i mboscaí ar chaighdeán cartlannaíochta gan aigéad agus seiceáiltear iad sula gcurtear ar sheilfeanna iad chun go seachnaítear aon riaráiste taifead arna chruthú sa todhchaí a mbeidh gá le beart ina leith. Tarlaíonn gnéithe den obair athphacála agus athchurtha i mboscaí go leanúnach i gcaitheamh na bliana. Déantar obair speisialta bhuanúcháin – lena n-áirítear cairteanna a chur i mboscaí – ar shealbhúcháin atá ann cheana freisin. Baineann tionscadail eile le seiceáil iomlán a dhéanamh ar bhailiúcháin agus iad a chur in iatáin agus i mboscaí nua ansin. Ar na tasacanna oibre eile, áirítear doiciméid a réamhphacáil i mboscaí agus iad a mheasúnú maidir leis an obair ina leith agus faisnéis a ghabháil chun obair sa todhchaí a phleanáil. Cuirtear oiliúint ar an bhfoireann maidir le cairteanna a láimhseáil chun iad a chaomhnú.
- 4.6 Cuireadh aistrithe bliantúla de thaifid ó Ranna Stáit agus ó chomhlachtaí eile a raibh tuairim is 1,743 bosca cartlainne iontu ar sheilfeanna sa taisclann i Sráid an Easpaig agus sa taisclann sna Ceithre Chúirt. I mí an Mhárta agus Aibreáin 2021, bhí an Cartlannaí Sinsearach ar an láthair chun aistriú taifead ó na Seomraí Forshealbhúcháin in aice leis an trádstdóras a bhainistiú. Bhí foireann ón Aonad Stórála agus Caomhnú Ábhar Cartlainne i láthair chun boscaí a eagrú, a phacáil agus a chur ar phailléid chun iad a aistriú chuig stóras lasmuigh den láthair. Bhí foireann ó Ábhar Cartlainne agus Seirbhísí Rialtais ag obair le linn na tréimhse dianghlásála sin freisin chun taifid a shainaithint, a athlonnú agus a aistriú roimh a thosóidh obair ar an Tionscadal Taisclainne Cartlainne. In 2021, aistríodh 4,850 bosca breise go dtí stóras lasmuigh den láthair chun spás seilfe a chruthú d'aistrithe bliantúla 2021 a ghlacadh isteach.
- 4.7 Ceannaíodh boscaí cartlainne agus comhaid chartlainne – lena n-áirítear boscaí saincheaptha le haghaidh imleabhair agus ítimí móorthomhais.
- Obair chaomhnúcháin i Sráid an Easpaig**
- 4.8 Bhí próiseáil leanúnach ar thaifid Choimisinéirí an Oideachais Náisiúnta ón 19ú haois mar chuid de na gníomhaíochtaí caomhnúcháin a cuireadh i gcrích in 2021 mar aon le deontais thiomnacha a athphacáil. Rachaidh an dara píosa oibre sin ar aghaidh ar feadh cúpla bliain.

---

## Cairteanna a Chaomhnú

### Obair chaomhnúcháin sna Ceithre Chúirteanna

- 4.9 Leanadh ar aghaidh leis an obair mhórscála a bhaineann le pacáil chaomhnúcháin a dhéanamh ar chairteanna sna Ceithre Chúirteanna, obair a tosaíodh in 2010 i dteannta athchóiriú ar an bhfoirgneamh. In 2021, leanadh de chairteanna a athphacáil i mboscaí de chálíocht cartlainne gan aigéad. Áiríodh san obair sin doiciméid a bhí i mbeartanna roimhe sin nó i mboscaí nach de chálíocht cartlainne iad. Leanadh ar aghaidh leis an obair chun doiciméid chúirte mórfhormáide go háirithe a eagrú, a shocrú, a liostú agus a athphacáil cé gur chuir srianta Covid-19 isteach go mór ar láithreacht san áit oibre ó Eanáir go Bealtaine.

### Micreascannáin chaomhnúcháin a stóráil

- 4.10 Déantar na máistirchóipeanna de mhicreascannáin caomhnúcháin de chuid na Cartlainne Náisiúnta a stóráil i saoráid stórála na RA atá lonnaithe i Leabharlann Náisiúnta na Breataine Bige in Aberystwyth.

### Plean Tubaiste

- 4.11 Nuashonraíodh Plean Tubaiste na Cartlainne Náisiúnta i mí an Mhárta 2021. Mar gheall ar phaindéim Covid-19 agus na srianta ar a bheith i láthair san áit oibre, tionóladh an seisiún oiliúna bliantúil maidir leis an bplean tubaiste leis an bhFoireann Athshlánaithe Bailliúchán ar líne i mí Bealtaine 2021. Suiteáladh pacáil breise trealamh cosanta pearsanta agus ábhair riachtanacha chun teagmhas uisce a chuimsiú sna Ceithre Chúirt agus sa trádstóras i mBaile an Bhreáigh.

### Seifliostú

- 4.12 Tá an obair a bhaineann le seifliostú chun ionad stórála doiciméad a thaifeadadh bunriachtanach chun orduithe ar líne a éascú agus leanadh ar aghaidh le taifeadadh uathoibrithe aistriú doiciméad sna limistéir stórála cairteanna i Sráid an Easpaig. Mar sin féin, tá dul chun cinn na hoibre sin á mhoillíú agus acmhainní fairne agus beidh tionchar ag moill ar shonraí ionaid a nuashonrú ar tháirgeadh taifead don phobal sa Seomra Léitheoirreachta.

### Uillmhúcháin chun an Tionscadal Taisclainne Cartlainne a thosú

- 4.13 Thugas tuairisc roimhe seo ar an Tionscadal Taisclainne Cartlainne lena dtabharfar stóras cartlainne a bheidh tógtha le sainchuspóir a bheidh ar chaighdeán idirnáisiúnta don Chartlann Náisiúnta laistigh den struchtúr trádstórais i Sráid an Easpaig. Nuair a chríochnófar an chéad chéim den obair sin – stóras a sholáthar ar dhá leibhéal – cinnteofar go mbeidh spás leordhóthanach stórála ann chun glacadh le haistrithe ó Ranna go dtí 2040 ar a laghad. Déanfar socrú freisin leis na hoibreacha foirgniochta don chéad chéim chun an stóras a leathnú sa todhchaí chun go gcuirfear trí leibhéal stórais eile ar fáil i gcaitheamh ama.

---

## Cairteanna a Chaomhnú

Tá an tionscadal foirgníochta á mhaoírsiú ag Oifig na nOibreacha Poiblí le hionchur gairmiúil cartlainne ón gCartlann Náisiúnta. Tá foireann deartha bunaithe ó 2016. Eisíodh iaraidh ar thairiscintí don fhoirgníocht i mí Dheireadh Fómhair 2019. Lorgaíodh tairiscintí maidir le seirbhísí cúnntaca speisialtóireachta le linn 2020 ach cuireadh moill ar an bpróiseas tairisceana go foriomlán don Tionscadal Taisclainne Cartlainne de bharr srianta mar gheall ar Covid-19.

- 4.14** D'aimsigh OOP cóiríocht mhalartach lasmuigh den láthair in 2017 chun cairteanna arna stóráil sa trádstóras i Sráid an Easpaig a lonnú inti, agus dá bhrí sin éascaíodh tú a chur leis na hoibreacha foirgníochta don Tionscadal Taisclainne Cartlainne. Tá an chóiríocht mhalartach sin comhdhéanta de bhoghtaí i saoráid tráchtála stórála taifead agus trádstóras ar leithligh a bheidh le bainistiú ag an gCartlann Náisiúnta. In 2021, cuireadh próiseas tairisceana i gcrích chun tuilleadh spás stórála lasmuigh den láthair a aimsiú i saoráid tráchtála stórála taifead chun aistrithe taifead Ranna go dtí an Chartlann Náisiúnta a éascú. Mar thoradh ar an bpróiseas tairisceana sin, áirithíodh boghta breise ina mbeidh spás le haghaidh 5,000 gnáthbhosca cartlainne. Faoi dheireadh 2021, bhí spás le haghaidh 45,000 gnáthbhosca cartlainne nó a gcoibhéis ag an gCartlann Náisiúnta, arna stóráil i stóras tráchtála taifead.



# Cairteanna a Chaomhnú



## Deisiú caomhnúcháin

4.15

Tugann seirbhísí buanúcháin tacaíocht maidir leis na gníomhaíochtaí lárnacha atá riachtanach chun sealbhúcháin na Cartlainne Náisiúnta a chaomhnú go fadtéarmach. Sa bhliain 2021, tugadh ár ndúshlán ar bhealaí gan choinne chomh maith le hathrú mór ar chleachtas oibre. D'ainneoin sin, baineadh go leor spriocanna amach agus tharla dul chun cinn san obair i réimsí éagsúla. Buanaíodh taifid arna n-iarraidh ag taighdeoirí le haghaidh rochtain ar líne agus le foilsíú sula ndearnadh iad a dhigitíú.

Buanaíodh na doiciméid a roghnaíodh le háireamh sa taispeántas 'An Conradh, 1921: Taifid ó na Cartlanna' le linn 2021. Sa chéad chéim den tionscadal, bhí an Caomhnóir Sinsearach mar chuid den fhoireann choimeádta. Chun an tionscadal seo a sheachadadh go rathúil bhí obair i gceist in éineacht le dearthóirí, soláthraithe, staraithe, eagarthóirí, coimeádaithe agus conraitheoirí, institiúidí iasachtaí agus compháirtithe ábhair tionscadal, an Leabharlann Náisiúnta, an Chartlann Mhíleata agus Cartlann Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.

Rinneadh go leor oibre freisin ar thaifid a tarrtháladh tar éis thine 1922 lenar díthíodh Oifig Taifead Poiblí na hÉireann. An Coimeádaí Sinsearach a mhaoirsigh agus a bhainistigh an tionscadal chun na hábhair a raibh damáiste dóiteáin déanta dóibh a chaomhnú. Bhain próiseas ilsraithach buanúcháin leis sin, lenar éascaíodh ábhar na ndoiciméad a aisghabháil ach idirghabháil fhisiciúil a íoslaghdú.

---

## Cairteanna a Chaomhnú

Fuarthas tuilleadh tacaíochta chun an obair bhuanúcháin a dhéanamh ón tionscadal Thar 2022 Amach agus rinneadh dul chun cinn suntasach san obair d'ainneoin srianta Covid-19 ar láithriú san áit oibre.

- 4.16** An Coimeádaí Sinsearach a rinne an obair go léir maidir le measúnacht, suirbhéireacht agus pleanáil mar aon le cóireálacha a chur i gcrích. Bhí tacaíocht san áireamh don obair a bhí ar siúl ag an Aonad Digitithe agus Seirbhísí Poiblí chun ábhar a ullmhú le haghaidh taighde, athghrafaic agus taispeántais.
- 4.17** Bhainistigh an tAonad Caomhnúcháin an cúram agus an chothabháil maidir leis an trealamh speisialaithe sna seomraí oibre caomhnúcháin (4.3.1 agus 4.4) agus i seomra oibre 2.6.2. I mí Dheireadh Fómhair 2021, cheannaigh an tAonad Caomhnúcháin Memmert HPP260, coimeádán éiceolaíoch buan-aeráide chun rialú cruinn a sholáthar ar theocht agus bogthaise le linn doiciméid a bhogthaisiú. Tá na modheolaíochtaí beachtaithe agus doiciméadaithe agus bhí toradh an-rathúil ann maidir leis an obair ar phárdhoiciméid.

### Faireachán timpeallachta

- 4.18** Soláthraíonn ár gcóras faireacháin sonraí ardcháilíochta faoin teocht agus an bhogthaise choibhneasta. Le linn 2021, léiríodh nach raibh an timpeallacht sa dá fhoirgneamh ag teacht leis na caighdeáin is gá. Cuireadh i gcrích freisin cothabháil ar an trealamh faireacháin timpeallachta sna taisclanna i Sráid an Easpaig agus sna Ceithre Chúirt araon. Ceannaíodh monatóirí le haghaidh na saoráidí stórais lasmuigh den láthair.
- 4.19** Tugadh comhairle maidir le roinnt tionscadail a bhain le bailiúcháin a raibh foireann eile ag obair orthu agus do Ranna agus comhlachtaí Stáit, lena n-áirítear an Phríomh-Oifig Staidrimh, an Oifig Luachála, Coimisiún na Talún agus Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann maidir le hobair le bailiúcháin chartlainne de thaifid stairiúla leocheileacha.
- 4.20** Lean cruinnithe seachtainiúla ar aghaidh le linn 2021 den líonra a bunaíodh in 2020 le ceannasaithe sna Ranna Caomhnúcháin in Oifig na dTaifead Poiblí i dTuaisceart Éireann, Taifid Phoiblí na hAlban, Leabharlann Náisiúnta na hAlban agus Leabharlann Náisiúnta na Breataine Bige. Tionóladh na cruinnithe gairide sin chun faisnéis agus sonraí taighde a mhalartú a bhain leis na dúshláin ó Covid-19 do na bailiúcháin atá againn i dtéarmaí shláinte agus sábháilteachta na foirne agus an phobail.

---

## Cairteanna a Chaomhnú

- 4.21 Lean an rannchuidiú le gníomhaíochtaí caidrimh na Cartlainne Náisiúnta trí ailt a fhoilsiú i gcló agus ar líne, cur i láthair ag comhdhálacha agus ag ócайдí ar líne. Thug fairne scannán roinnt cuairteanna ar an Aonad Caomhnúcháin in 2021 agus choimisiúnaigh an Chartlann Náisiúnta gearrscannán don láithreán gréasán chun taispeántas an Chonartha a chur chun cinn.



Baill fairne a rinne cuardaigh sna taifid in Oifig Taifead Poiblí na hÉireann.

---

Cartlann Náisiúnta, PROI/Albam Mills

# **PRESS COUNCIL OF THE FEDERATION THE NATION.**

**tion—a voice calls you from  
nations minglest with your old  
TAKE! If your cause must be  
they shall not be wanted.  
nds have been already  
ne with a proud  
pe—HOPE  
nnit**

# An Seomra Léitheoiríreachta

- 5.1 Is é an tAonad Seirbhísí Poiblí an t-aonad gnó atá freagrach as cairteanna atá á sealbhú ag an gCartlann Náisiúnta a chur ar fáil lena n-iniúchadh ag an bpobal sa Seomra Léitheoiríreachta i gceannoifig na Cartlainne ar Shráid an Easpaig. Is cuid é den Rannán Chúram Bailiúchán agus Seirbhísí Poiblí.

In 2021, Cartlannaí Sinsearach agus foireann ar a raibh trí chartlannaí agus trí Oifigeach Cléireachais a bhí sa bhFoireann Seirbhísí Poiblí.

Bíonn an Seomra Léitheoiríreachta ar oscailt don phobal ón 10.00am go dtí a 5.00pm ó Luan go hAoine, ach amháin ar laethanta saoire poiblí agus ar feadh tréimhse cúig lá freisin gach mí Nollag chun an réamhamharc bliantúil do na meáin ar thaifid Roinne 30 bliain d'aois atá le scaoileadh don phobal an mhí Eanáir dár gcionn a éascú (féach 3.39 thusa).

Chuir paindéim Covid-19 isteach go mór ar ár seirbhísí in 2021 agus bhí an Seomra Léitheoiríreachta dúnta don phobal ó thús 2021 go dtí gur athosclaíodh é i mí Bealtaine 2021.

- 5.2 Coinnítear na cairteanna i limistéir stórála atá slán agus cuireann an fhoireann an t-ábhar ar fáil lena scrúdú ar iarraidh chuige sin ó thaighdeoir nó ó léitheoir a bhfuil Ticéad Léitheora bailí aige nó aici. Tá áiseanna fála ar na cairteanna ar fáil ar rochtain oscailte sa Seomra Léitheoiríreachta nó ar líne ag [www.nationalarchives.ie](http://www.nationalarchives.ie).

## Líon na gcuairteanna

- 5.3 In 2021, the total number of researchers using the Reading Room during In 2021, ba 1,724 an líon iomlán taighdeoirí a d'úsáid an Seomra Léitheoiríreachta le linn na n-uaireanta oscailte thar thréimhse 7 mí a raibh gérshrianta ar uaireanta oscailte agus líon cuairteoirí i bhfeidhm. Tá sé sin inchurtha síos do chineál srianta na seirbhíse a d'fhéadfá a chur ar fáil faoi shrianta Covid-19. Forbraíodh córas áirithinte ar líne chun an Seomra Léitheoiríreachta a úsáid in 2020 chun an líon daoine a rialú de réir na dtreoirlínte sláinte poiblí. Leis sin, ligeadh do dhaoine den phobal áit a áirithint ar laethanta áirithe oscailte poiblí agus teorannaíodh líon iomlán na dtaiughdeoirí go deichniúr. Laghdaíodh laethanta oscailte an tSeomra Léitheoiríreachta freisin go dtí an Luan, an Mháirt, an Déardaoin agus an Aoine le huaireanta oibríochta idir 10.30am agus 12.30pm agus 2.00pm agus 4.00pm. Nuair a baineadh na srianta i mí Dheireadh Fómhair 2021, bhíomar in ann athoscailt arís ar feadh cúig lá sa tseachtain idir 10am-5pm agus cead ag líon léitheoirí gan teorainn teacht isteach.

---

## An Seomra Léitheoireachta



- 5.4 Go pointe áirithe, bhí an soláthar ar líne ina chuíteamh ar an dúnadh poiblí agus léirítéar an méid sin sna staidreamh maidir le cuairteanna ar na láithreáin ghréasáin éagsúla mar aon le cláir ar líne.
- 5.5 Ní foláir d'iarrthóir ar Thicéad Léitheora cruthúnas céannachta agus seoladh poist a chur ar fáil. I mí lúil 2020, bhunaíomar iarratas ar líne ar Thicéad Léitheora atá in úsáid agus lena gcomhchuibhítear próiseas na dTicéad Léitheora. Tugadh na ceanglais sin isteach in 2013 mar bheart slándála agus tá siad i gcomhréir leis an dea-chleachtas i gcartlanna agus i leabharlanna eile. Ina theannta sin, ní foláir d'iarrthóir ar Thicéad Léitheora admháil a shíniú go bhfuil an fógra aslonnaithe éigeandála léite mar aon le gealltanás cosanta sonraí agus dearbhú cóipchirt. Ní foláir do Léitheoirí ar mian leo Wi-Fi a úsáid sa Seomra Léitheoireachta beartas um úsáid inghlactha a shíniú freisin agus ní foláir dóibhsan ar mian leo grianghraif a ghlacadh iarratas a dhéanamh chuig an gCartlannaí Dualgais tríd an bhfoirm chuí a chomhlánú. Bhí 1,103 iarratas ann ar Thicéad Léitheora in 2021, méadú suntasach ar an 638 Thicéad Léitheora a eisíodh le linn 2020.

### Cairteanna arna n-iniúchadh sa Seomra Léitheoireachta

- 5.6 In 2021, bhreathnáigh léitheoirí ar 12,475 doiciméad cartlainne ar an láthair sa Seomra Léitheoireachta. Freagraíonn sé sin do mhéadú ar fhigiúr 2020, figiúr 7,696 doiciméad a iniúchadh; lón ar laghdú é áfach

---

## An Seomra Léitheoireachta

ar fhigiúirí roimh Covid mar go raibh an Seomra Léitheoireachta dúnta don phobal ó Eanáir go Bealtaine agus srianta ar láithreacht ag taighdeoirí i bhfeidhm.

### Cairteanna i stóras tráchtala a thabhairt ar aird

- 5.7 In 2021, ordaíodh 609 taifead cartlainne ó stóras lasmuigh den láthair i saoráid stórais tráchtala taifead lena n-úsáid ag léitheoirí sa Seomra Léitheoireachta. Cé gur méadú é sin ar líon 2020, is laghdú suntasach an figiúr sin ar an líon a tugadh ar aird ó stórais lasmuigh den láthair in 2019, mar gheall ar an Seomra Léitheoireachta a bheith dúnta. Baineann go leor oibre le cairteanna a fháil ó stóras lasmuigh den láthair: ní foláir iad a dhoiciméadú go cúramach agus baineann dlúthshaothair leis dá bharr sin. Cuireann sé moill ar rochtain thráthúil don phobal mar nach féidir cairteanna a thabhairt ar aird ar éileamh. Fágann sé doiciméid i mbaol réimse priacal timpeallachta le linn an idirthurais.

### Cairteanna a chóipeáil

- 5.8 Faoin Acht um Chartlann Náisiúnta agus na Rialacháin, tá cead ag Ranna Stáit agus ag na cúirteanna taifid arna n-aistriú go dtí an Chartlann Náisiúnta a fháil ar ais i gcás go mbeidh riachtanas oifigiúil gnó ann déanamh amhlaidh. In 2021, thóg Ranna 81 doiciméad ar ais. Is figiúr é sin atá i bhfad níos ísle ná figiúr 2019 mar go raibh an tseirbhís ar fionraí ó Eanáir go Bealtaine de bharr Covid-19.

### Cairteanna a chóipeáil

- 5.9 Cóipeáladh 5,603 leathanach de dhoiciméid ar iarraidh ó léitheoirí in 2021. Rinne léitheoirí cóipeanna freisin trí fheistí pearsanta a úsáid.

### Cóipeanna deimhnithe

- 5.10 In 2021, cuireadh i gcrích 577 ordú ar chóip dheimhnithe a raibh 1,402 leathanach aonair i gceist leo. De bharr gur ainmníodh an tSeirbhís Chúirteanna mar sheirbhís riachtanach agus gur fhan sí ar oscailt le linn dhianghlásail Covid-19, choimeád an Chartlann Náisiúnta seirbhís na gcóipeanna deimhnithe ar siúl le linn na tréimhse sin. Bhí an Cartlannaí Sinsearach in Cúram Bailiúchán ar an láthair le foireann bheag ar a raibh dhá Oifigeach Cléireachais chun an obair sin a chur i gcrích agus lean an Coimeádaí, Cúram Bailiúchán agus Seirbhísí Poiblí den obair a bhain le cóipeanna a fhíordheimhniú.

---

## An Seomra Léitheoireachta

I mí Lúnasa 2021, ainmníodh sé chomhalta den fhoireann go foirmiúil mar oifigigh fiordheimhniúcháin. Ó mhí Mheán Fómhair 2021, thosaigh an Cartlannaí Sinsearach agus an cartlannaí i Stóráil agus Caomhnú Ábhair Cartlainne an obair ar chóipeanna a fhíordheimhniú.

### Táillí cóipeála

- 5.11 Leagtar amach na táillí cóipeála go léir sna Rialacháin um Chartlann Náisiúnta (Táillí), 2012. Tá saoráidí íocaíochta cárta ann do dhaoine a thagann chuig an Seomra Léitheoireachta i bpearsa agus táthar ag súil le roghanna a scrúdú chun íocaíocht ar líne a dhéanamh le linn 2022.

### Grianghrafadóireacht ag daoine den phobal

- 5.12 Ó 2013 i leith, athraíodh na rialacha a rialaíonn grianghrafadóireacht chun a cheadú grianghrafadóireacht (gan splanc) a dhéanamh i gcaitheamh an lae ar fad. Ní foláir do léitheoirí iarratas a dhénamh chuig an gCartlannaí Dualgais ar chead grianghraif a ghlacadh agus ní foláir dóibh gealltanás cuí a shíniú maidir le cóipcheart. Is socrú é sin a thaitníonn le taighdeoirí ach tá an Chartlann Náisiúnta buartha i gcónai mar gheall ar an bpriacal go ndéanfadh léitheoirí damáiste do dhoiciméid nó cur isteach orthu. Déantar foirmearcha eile grianghrafadóireachta nó scannánaíochta trí shocrú speisialta roimh ré tar éis ghnáthuaireanta an tSeomra Léitheoireachta.

- 5.13 Bhainistigh an Cartlannaí Sinsearach agus na cartlannaithe i Stóráil agus Caomhnú Cartlainne an seoladh ríomhphoist ar leith atá ann chun gach iarraidh ar íomhánnna a fhoilsíú agus maidir le cóipcheart agus ceadúnú, a bhainistiú.

### An tSeirbhís Ghinealaís

- 5.14 Le linn 2021, lean an tSeirbhís Ghinealaís de sheirbhís saor in aisce ar líne a sholáthar faoina bhféadfadh an pobal ceistneoir in-íoslódáilte ón láithreán gréasáin maidir le stair teaghlaigh ag <https://www.nationalarchives.ie/genealogy/free-genealogy-advisory-service/> a chur faoinár mbráid. Tá pobal leathan á aimsiú ag an tseirbhís ar líne agus fuarthas fiosruithe ó dhaoine nach mbeadh an deis acu riamh cuairt a thabhairt ar an gCartlann Náisiúnta chun dul i gcomhairle le ginealeolaí i bpearsa.

---

## An Seomra Léitheoireachta

### Fiosruithe ón bpobal

5.15

Dhéileáil cartlannaithe i Seirbhísí Poiblí le 5482 fiosrú in 2021.

Freagraíonn sé sin do mhéadú 21% ar líon 2020. Is i bhfoirm scríofa trí ríomhphost a bhí formhór na bhfiosruithe mar gur fhág dúnadh an tSeomra Léitheoireachta gur tháinig méadú ar an gcumarsáid scríofa idir an fhoireann agus an pobal.


### Na Meáin Shóisialta

5.16

Baineadh go leor úsáide as cuntais meán sóisialta na Cartlainne Náisiúnta ar Twitter (@NARIreland) agus Instagram (@NARIreland) araon le linn 2021 chun an pobal a choinneáil ar an eolas maidir le leanúnachas seirbhise agus ár ngníomhaíochtaí comórtha agus caidrimh.

Faoi 31 Nollaig 2021, ba 16,000 an líon iomlán lucht leanúna ar Twitter agus 3,763 an líon iomlán lucht leanúna ar Instagram ar méadú 84.3% é.

Tá ár gcainéal YouTube, ar a ndéantar léachtaí agus ócaídí taifeadta a óstú, leathnaithe agus tá 12 thaifead uaslódáilte don phobal chun féachaint orthu, aimsiú méadaithe 81.6%.




# 84.3%

---

Méadú ar líon na lucht leanúna Instagram

# Láithreán Gréasáin



Suíomh idirlín na  
Cartlainne Náisiúnta –  
[www.nationalarchives.ie](http://www.nationalarchives.ie)

## Staidreamh úsáide

**5.17** Tá deich láithreán gréasán beo ag an gCartlann Náisiúntaanois agus taifeadadh lón iomlán 8,131,409 gcuairt orthu le linn 2021.

**5.18** Taifeadadh 891,916 chuairt ar an bpríomhláithreán gréasáin de chuid na Cartlainne Náisiúnta – [www.nationalarchives.ie](http://www.nationalarchives.ie). Is iad na 5 thír bhunaidh is mó a ndéantar cuairt ar ár láithreán gréasáin uathu ná Éire, SAM, an Ríocht Aontaithe, an India agus an tSín. 3221 taispeáint a fuarthas ó 1122 cuairteoir uathúil ar líne ar thaispeántas fiorúil an Chonartha ag [www.nationalarchives.ie/2021commemorationprogramme/treaty-virtual-tour](http://www.nationalarchives.ie/2021commemorationprogramme/treaty-virtual-tour) i mí na Nollag 2021.

## Scéalta ón gCartlann

**5.19** Tá roinnt limistéir ar ár láithreán gréasáin ina léirítear obair Sheirbhísí Poiblí, ócайдí caidrimh, nuacht agus forbairt bailiúchán. Leis an gcainéal YouTube, féadfarr aon taifeadadh ar ócайд a leabú sa láithreán, déantar an blag *Behind the Scenes* a nuashonrú go rialta agus leanadh den ghnéchlár *Document of the Month* le linn 2021. Tá tuilleadh seirbhísí ar líne á soláthar leis an láithreán gréasáin dár léitheoirí agus tá iarratas ar líne ar thicéad tugtha isteach, baintear úsáid leanúnach as an gcóras áirithinte agus an fhoirm fiosraithe ar líne.

---

## Oideachas agus Caidreamh

5.20

### Clár léachtaí

De réir mar a lean paindéim Covid-19 de bheith ag cur isteach ar ár gclár Oideachais & Caidrimh in 2021, lean an Chartlann Náisiúnta de mheáin dhigiteacha a úsáid chun go mbeadh teagmháil eadrainn agus ár lucht leanúna éagsúla agus chun cailíocht na tairisceana ar líne a fheabhsú.

I dteannta na léiriúchán míosúil a sholáthar go fíorúil le comhpháirtithe seanbhunaithe amhail Club Cultúir na Cuideachta Cultúir agus An Chomharsanacht Náisiúnta de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, d'eagraigh an Chartlann Náisiúnta clár spreagúil dinimiciúil de léachtaí oíche i gcaitheamh na bliana agus rinne sí an céanna a óstú, agus bhí sraith speisialta de chainteanna comórtha ann ó Mheán Fómhair go Samhain 2021 mar bhuaicphointe.

De bharr go raibh beoshruth don phobal ann de na léachtaí míosúla ar líne sin, bhíodar thar a bheith idirghníomhach agus spreagadh rannpháirteachas lucht leanúna go láidir. Bhí na cainteanna dirithe ar théamaí a bhain leis an gConradh Angla-Éireannach agus óstaíodh iad i gcomhpháirt lenár gcomhpháirtithe sraithe, an Leabharlann Náisiúnta agus Acadamh Ríoga na hÉireann agus bhí painéal de chainteoíri agus d'acadóirí mór le rá páirteach ó réimse nua-stair na hÉireann agus na Breataine.

Bhí an t-údar agus láithreoir David McCullagh (RTÉ) ina mhodhnóir don chéad léacht de shraith léachtaí chomóradh an fhómhair a ndearnadh beoshruth de ón Leabharlann Náisiúnta an 23 Meán Fómhair. ‘*Bring me into the spotlight of a London conference: Michael Collins from Truce to Treaty*’, a bhí mar theideal ar an gcaint agus is plé a bhí ann idir an tOllamh Comhlach Anne Dolan (Coláiste na Tríonóide), an tOllamh Comhlach William Murphy (Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath) agus David McCullagh maidir leis na dúshláin a raibh ar Mhicheál Ó Coileáin aghaidh a thabhairt orthu ina ról mar chomhlualta de thoscaireacht na hÉireann le linn caibidlí an Chonartha ó Dheireadh Fómhair go Nollaig 1921.

Bhí aoi speisialta ag an gcéad léacht eile – arna shruthú beo agus lucht féachana beag ó Acadamh Ríoga na hÉireann a fuair cuireadh a bheith i láthair an 28 Deireadh Fómhair – an t-iar-aire comh-aireachta de chuid RA agus an láithreoir ardphróifíle Michael Portillo agus é i gcomhrá leis an Ollamh Marie Coleman (Ollscoil na Banríona, Béal Feirste) faoi na saincheisteanna a bhí ann do thoscaireachtaí na Breataine agus na hÉireann araon agus iad i mbun caibidlí an Chonartha i Londain.

---

## Oideachas agus Caidreamh

An tOllamh Patrick Geoghegan (Coláiste na Tríonóide) a bhí ina mhodhnóir don chaint deiridh sa sraith ‘*The Irish Revolution and the making of a new world order: what the archives tell us*’ arna shruthú beo an 23 Samhain, agus bhí díospóireacht phainéil ann idir an tOllamh Linda Connolly (Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad) agus an tOllamh Fearghal McGarry (Ollscoil na Banríona, Béal Feirste) maidir le cad atá le rá ag cairteanna faoi na smaointe a bhí ag na mná agus na fir a thóg náisiún na hÉireann agus conas a múnláodh iad sa domhan nua a tháinig chun cinn tar éis an Chéad Chogaidh Domhanda agus réabhlód na hÉireann.

### 5.21

#### Oíche Chultúir

Tar éis dúinn rannchuidiú i bhfoirm físeáin in 2020, d’óstaithe an Chartlann Náisiúnta, don Oíche Chultúir, 2021, an léacht fíorúil ‘*How to create your family tree*’ arna cur i láthair ag an nginealeolaí gairmiúil Tony Hennessy (AGI). Bhí spéis ag go leor san ábhar sin mar a léiríodh sa lucht féachana mór idirnáisiúnta a bhí ag féachaint ar an ócáid anamúil sin agus a bhí idirghníomhach léi.

 National Archives, Ireland  
@NARIreland 

We've just got started with our 'How to create your family tree' online talk for [@CultureNightDub](#) by Tony Hennessy [@AccGenIreland](#) and learning lots already! #CultureNight



17 September 2021

Reply  Retweet  Like 16  Up 

---

## Oideachas agus Caidreamh

5.22

### Seimineár idirnáisiúnta – ‘Protecting the public record’

D'óstaigh an Chartlann Náisiúnta seimineár maidir le reachtaíocht chartlainne dar teideal ‘*Protecting the public record: models of international best practice*’ an 23 Meitheamh 2021. Beoshruth ón gCartlann Náisiúnta féin a bhí i gceist agus páirteach san ócáid bhí Cartlann na Nua-Shéalanne, Cartlann Náisiúnta na Danmhairge agus Taifid Phoiblí na hAlban mar aon leis an gCartlann Náisiúnta féin, a bhreithnígh conas a théann reachtaíocht i bhfeidhm ar chumas na gcartlann náisiúnta taifid agus faisnéis phoiblí a chosaint ón am a chruthaítéar iad. Bhí an seimineár dírithe ar chartlannaithe gairmiúla, bainisteoirí taifead agus cinnteoirí ríthábhachtacha sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha araon agus mealladh 350 rannpháirtí ar fud an domhain.

Is bealach fíorthábhachtach iad na gníomhaíochtaí sin go léir chun ár seirbhísí a chur chun cinn agus ár bpróifil phoiblí a mhéadú agus cumasaítear dúinn, agus muid ag óstú ócáidí ar líne, ár lucht féachana a éagsúlú agus an t-aimsíú geografach a leathnú tuilleadh ar fud an domhain, rud a léiríodh nuair a chláraigh os cionn 3,000 duine le haghaidh ócáidí éagsúla i gcaitheamh na bliana.

5.23

### Ealaíontóir Cónaithe

Tar éis glao oscailte ar thograí a bheith ann, cheap an Chartlann Náisiúnta John Beattie mar Ealaíontóir Cónaithe mar chuid de Chlár na Deich mbliana de Chomórthaí Céad Bliain. Tá an clár sin deartha chun tacú le scrúdú ar thuairimí nua maidir le hábhar cartlainne a bhaineann leis an tréimhse 1921–1923 trí shaothar ealaíona nua agus bunaidh a chruthú.


Le togra John Beattie, ‘Reperforming State Memory’ déantar iarracht bailiúchán nua saothair a chruthú trí scéalta agus ócáidí stáiriúla agus cultúrtha ón tréimhse 1921 – 1923 a chur i láthair arís agus a bheochan, ag baint úsáid as bailiúcháin na Cartlainne Náisiúnta agus trí phróiseas athchruthaithe staire agus cultúir. Fad a bheidh sé i mbun an phoist, cuirfidh Beattie sraith cainteanna poiblí i láthair ina dtabharfaidh sé tuairisc ar a thaithí agus é ag obair mar Ealaíontóir Cónaithe sa Chartlann Náisiúnta, a phróiseas taighde agus an cur chuige atá aige maidir le saothar nua a chruthú mar chuid de chlár an Ealaíontóra Cónaithe.

5.24

### Cuairt ó David Norris

Thug an Seanadóir David Norris cuairt ar an gCartlann Náisiúnta chun féachaint ar thaifid a bhain lena chás suntasach in 1988 sa Chúirt Eorpach um Chearta an Duine, *David Norris v Ireland*. Tá na taifid á dtaispeáint go poiblí den chéad uair mar chuid de Mhí an Bhróid i mí an Mheithimh 2021.

# 6 Áiseanna Fála agus Dígtiú



# Áiseanna Fála

**6.1** Is ceann de phríomhfheidhmeanna na gcartlannaithe san Aonad Bainistithe Ábhar Cartlainne áiseanna fála a chruthú lena ndéantar faisinéis thuairisciúil a sholáthar maidir le taifid chartlainne agus chun cuardach agus aisghabháil a éascú d'úsáideoirí agus don fhoireann. Cuirtear na háiseanna fála sin ar fáil i gcóip chrua sa Seomra Léitheoireachta agus ar líne ar an láithreán gréasáin.

- 6.2** Baintear úsáid sa Chartlann Náisiúnta as bogearraí catalógaithe ar leith chun an obair a dhéantar lena áiseanna fála a bhainistiú, lena n-áirítear iad a sheachadadh go díreach ón gcóras catalógaithe go dtí láithreán gréasáin na Cartlainne Náisiúnta.
- 6.3** Tá roinnt gníomhaíochtaí a dhéantar sa Chartlann Náisiúnta a bhaineann le háiseanna fála a ullmhú, ó thuairiscí a leathnú agus comhthéacs a chur ag gabháil le taifid arna n-aistriú ag Ranna agus na cúirteanna, bailiúcháin de chairteanna nach raibh catalógaithe cheana a liostú agus áiseanna leagáide fála i gcruachóip a aistriú go dtí formáid dhigiteach. Déantar an obair sin i gcomhréir le caighdeán tuairiscithe idirnáisiúnta na Comhairle Idirnáisiúnta um Chartlanna, Treoirlínte na hÉireann maidir le Tuairisc Chartlainne agus treoir stíle eagarthóireachta na Cartlainne Náisiúnta.
- 6.4** Mar a tharla in 2020, bhain an fhoireann san Aonad Bainistithe Cartlainne úsáid as an tréimhse dianghlásala idir mhí Eanáir agus mí Bealtaine 2021 agus iad ag obair ón mbaile chun ullmhúchán a dhéanamh maidir le áiseanna fála leagáide i gcruachóip a thiontú go formáid digiteach. Leis an tontú sin, cumasófar na sonraí a uaslódáil isteach i gcatalóg ar líne an láithreáin gréasáin, agus beidh rochtain níos éasca ann ar shealbhúcháin na Cartlainne Náisiúnta. Maidir le luath-áiseanna fála a bhaineann le cairteanna Ranna Stáit ón gcéad scoileadh taifead in 1991, i gcoitinne níl siad ar fáil ach le féachaint orthu sa Seomra Léitheoireachta. Sa tstí cheanna, níl formhór na n-áiseanna fála a bhaineann le forshealbhúcháin phríobháideacha ach ar fáil i gcruachóip. Rinne an fhoireann áiseanna fála a athiontráil i scarbhileoga Excel, chun nuashonrú agus eagarthóireacht a dhéanamh ar an tuairisc chartlainne chun a chinntíú go bhfuil an tuairisc i gcomhréir le caighdeán tuairiscithe idirnáisiúnta na Comhairle Idirnáisiúnta um Chartlanna agus Treoir Stíle an tí. I ggnáthdhálaí, is beag deis a bhíonn ann don tasc am-íditeach sin. Le linn 2021 áfach, rinne foireann a bhí


---

## Áiseanna Fála

ag obair go cianda ón mbaile áiseanna fála a bhaineann le go leor forshealbhúcháin phríobháideacha agus luath-thaifid de chuid an Stáit a athionráil.<sup>10</sup>

### Oifig an Phríomh-Rúnaí, Páipéir Chláraithe (CSO/RP)

- 6.5 I mí an Mhárta 2020, cuireadh i gcrích an tionscadal seo lena ndearnadh catalógú ar shraith Páipéir Chláraithe Oifig an Phríomh-Rúnaí in Éirinn ar cuireadh túis leis le maoiniú a fuarthas faoi thiomnacht ó Francis J Crowley.
- 6.6 Atosaíodh ar an tionscadal chun Páipéir Chláraithe Oifig an Phríomh-Rúnaí, 1917–1924 a liostú, a cuireadh i gcrích i mí Eanáir 2019, i mí Bealtaine 2021 le liostú na dtaifead ó 1918.<sup>11</sup>



---

<sup>10</sup> Rinne foireann a bhí ag obair ón mbaile in 2021 nócha is a sé áis fála (c26,000 tuairisc aonair) a athionráil isteach i dteimpléad na Cartlainne Náisiúnta.

<sup>11</sup> CSO/RP/1918, lúil go Meán Fómhair 1918, 1,028 tuairisc ullmhaithe.



# Cairteanna a Dhigitú

## An tAonad Digitithe

6.7

Tá clár maidir le tionscadail bheaga scanta forbartha don Aonad Íomháithe Dhigitigh intí. Déanann an t-aonad freisin íomhánna ardtaifeacha a chruthú chun iad a fhoilsiú, a thaispeáint agus lena n-úsáid sna meáin. Mar gheall ar shrianta ó Eanáir go Bealtaine 2021, níorbh fhéidir a bheith ar an láthair chun leanúint de thionscadail dhigitithe caomhnúcháin. Bhí Oifigeach Cléireachais san oifig le linn na tréimhse dianghlásála chun cóipeáil a dhéanamh i leith sheirbhís na gcóipeanna fíordheimhnithe.

6.8

Bhí na nithe seo a leanas ar áireamh sna cairteanna a ndearna an tAonad Íomháithe Dhigitigh íomháú orthu in 2021:

- Miontuairisci na Comh-Aireachta do na blianta 1991–1998
- Comhaid Ranna a roghnaíodh don réamhamharc do na meáin
- Íomhánna don taispeántas 'An Conradh, 1921: Taifid ón gCartlann'
- Íomhánna ardtaifeacha le haghaidh taispeántas ar iarraidh chuige sin lena n-áirítear ó Chartlann Chontae agus Chathair Chorcaí agus ó Ambasáid na Polainne
- Íomhánna ardtaifeacha le haghaidh foilseachán ar iarraidh chuige sin lena n-áirítear ó Leabharlann Chontae na Mí, ó Acadamh Ríoga na hÉireann agus leabhar de chuid Flor MacCarthy dar teideal 'The Presidents' Letters'
- Doiciméid arna roghnú chun críocha na meán sóisialta

6.9

## Thar 2022 Amach

I samhradh na bliana 2021, rinne an Cartlannaí Sinsearach maoirsiú ar dhigitíú taifead arna roghnú lena n-íomháú don tionscadal Thar 2022 Amach. Chuir Oifigeach Cléireachais oiliúint sa digitíú ar chonraitheoirí agus thug an duine sin cabhair maidir le saincheisteanna teicniúla. Chabhraigh cartlannaí ó Chúram Bailiúchán le sainaithint agus táirgeadh na ndoiciméad lena n-íomháú.

## Láithreán Gréasáin Uachtanna na Saighdiúirí

6.10

Is sráith uachtanna atá i mbailiúchán Uachtanna na Saighdiúirí ó fhir Éireannacha a rinne seirbhís in arm na Breataine i gCogadh na mBórach agus sa Chéad Chogadh Domhanda. Rinne an Chartlann Náisiúnta na taifid sin a dhigitíú agus tá siad ar fáil ar líne ó 2012 i leith. In 2020, thras-scríobh foireann ón Aonad Íomháithe Dhigitigh na taifid chun taighde níos leithne a éascú. Níorbh fhéidir an fhaisnéis bhreise sin a fhoilsiú ar líne in 2021 agus tá pléití ag dul ar aghaidh chun láithreán gréasáin Uachtanna na Saighdiúirí a athbhreithniú agus a nuashonrú.

6.11

## Léitheoirí micreascannán

I mí na Samhna 2021, tugadh faoi phróiseas sainfhála maidir le léitheoirí micreascannán don Seomra Léitheoreachta. Tiocfaidh na léitheoirí micreascannán nua in ionad léitheoirí/printéirí micreascannán seanchaite agus déanfar iad a shuiteáil in 2022.

---

## Cairteanna a Dhigitú

### 6.12 An Chomhairle um Fhorais Chultúir Náisiúnta, An Grúpa Digitithe agus Catalógaithe

Bíonn an Cartlannaí Sinsearach rannpháirteach sa ghrúpa speisialtóirí seo de chuid na bhforas cultúir náisiúnta. I mí na Samhna 2021, d'eagraigh an grúpa seimineár dar teideal ‘Cultural collections in the time of Covid-19, National Cultural Institution experiences of access and digitisation projects’.

### 6.13 Association for Historic and Fine Art Photography, Leabharlanna agus Cartlanna

Bíonn an Cartlannaí Sinsearach rannpháirteach agus i láthair ag cruinnithe den ghrúpa speisialtóirí seo maidir le hÍomháú Leabharlainne agus Cartlainne agus ar a bhfuil ionadaithe ó fhorais chultúir in Éirinn agus sa RA.

### 6.14 Training

Thug an cartlannaí i gCúram Bailiúchán faoi Dheimhniú Gairmiúil i mBainistiú Faisnéise Digití in Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath. D'fhreastail an dá Oifigeach Cléireachais san Aonad ar oiliúint maidir le Adobe Lightroom.





# Comhoibriú, Comhar agus Oiliúint

---

## Comhoibriú, Comhar agus Oiliúint

### An Chomhairle um Fhorais Chultúir Náisiúnta

7.1 Bhunaigh an tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán a bhí in oifig an tráth sin an Chomhairle um Fhorais Chultúir Náisiúnta i mí Dheireadh Fómhair 1998. San áireamh ina téarmaí tagartha tá fóram a chur ar fáil chun smaointe agus taithí a roinnt agus scrúdú a dhéanamh ar réimsí comhoibrithe idir na forais. Is iad Stiúrthóirí nó Príomh-Fheidhmeannaigh na bhforas seo a leanas comhaltaí na Comhairle: Amharclann na Mainistreach, an Chomhairle Ealaíon, Leabharlann Chester Beatty, Dánlann Crawford, an Chomhairle Oidhreachta, Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, an Chartlann Náisiúnta, an Ceoláras Náisiúnta, Dánlann Náisiúnta na hÉireann, an Leabharlann Náisiúnta agus Ard-Mhúsaem na hÉireann.

7.2 Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta a bhí i bpost an Chathaoirligh ar an gComhairle um Fhorais Chultúir Náisiúnta in 2021.

7.3 Tá roinnt grúpaí oibre éagsúla curtha ar bun ag an gComhairle ar a bhfuil comhaltaí ó fhoireann na bhforas. Bhí an Chartlann Náisiúnta ionadaitheach ar na grúpaí oibre seo a leanas:

- Caomhnú – an Caomhnóir Sinsearach, an tAonad Caomhnúcháin, Cúram Bailliúcháin agus Seirbhísí Poiblí. Bhí an Cartlannaí Sinsearach sa phost mar Chathaorleach ar an ngrúpa oibre seo in 2021.
- Foghlaim agus Oideachas – an Coimeádaí, Cúram Bailliúcháin agus Seirbhísí Poiblí
- Digiú – an Cartlannaí Sinsearach, an tAonad Stórála agus Caomhnaithe Cartlainne, Cúram Bailliúcháin agus Seirbhísí Poiblí.

### Alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997

7.4 Faoi Alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, tá faoiseamh ó cháin ar fáil maidir le nithe a bhfuil tábhacht leo ó thaobh oidhreacht náisiúnta na hÉireann de a bhronnadh ar bhailliúcháin náisiúnta na hÉireann. Is éard atá san faoiseamh creidmheas cánach atá ar cóimhéis le luach an ní/na nithe a bhfuil tábhacht oidhreachta leo arna bhronnadh agus is féidir leis an deontóir an méid sin a chur mar chreidmheas in aghaidh dliteanas áirithe cánach arna dtabhú aige nó aici. “Comhlachtaí Ceadaithe” a thugtar ar na bhailliúcháin náisiúnta faoin reachtaíocht. Is iad sin:

- An Chartlann Náisiúnta
- Dánlann Náisiúnta na hÉireann
- Leabharlann Náisiúnta na hÉireann
- Ard-Mhúsaem na hÉireann
- Áras Nua-Ealaíne na hÉireann
- Dánlann Crawford, Corcaigh

---

## **Comhoibriú, Comhar agus Oiliúint**

Lean an Stiúrthóir de bheith ag freastal thar ceann na Cartlainne Náisiúnta ar chruinnithe de Choiste Alt 1003.

- 7.5** In 2021, lean an Chartlann Náisiúnta de bheith páirteach i gcomhoibriú maidir le cartlanna leis an Aontas Eorpach, go háirithe trí bheith rannphárteach sna comhlacthaí seo thíos.

### **Bord Eorpach na gCartlannaithe Náisiúnta**

- 7.6** Is comhlacht saorálach é Bord Eorpach na gCartlannaithe Náisiúnta ar a bhfuil Cartlannaithe Náisiúnta Bhallstáit an AE a thagann le cheile faoi dhó gach bliain sa stát a shealbhaíonn Uachtaráinacht an AE de thuras na huaire.

### **An Grúpa Eorpach um Chartlanna**

- 7.7** Bunaíodh An Grúpa Eorpach um Chartlanna ar scór an Mholta ón gComhairle Eorpach an 14 Samhain 2005 chun an comhoibriú i réimse na gcartlanna a mhéadú. Tá an Grúpa comhdhéanta d'aon ionadaí amháin ó gach Ballstát agus ó gach ceann de na chúig institiúid AE.

Déanann an Chomhairle Eorpach cathaoirleacht air agus soláthraíonn Ardrúnaíocht an Choimisiúin an rúnaíocht. Tarlaíonn cruinnithe an Ghrúpa díreach tar éis cruinnithe de Bhord Eorpach na gCartlannaithe Náisiúnta.

### **Ceannasaithe Caomhnúcháin na hEorpa**

- 7.8** Is grúpa neamhfhoirmiúil é an grúpa seo atá comhdhéanta de cheannasaithe buanúcháin agus caomhnúcháin i gcartlanna náisiúnta Bhallstáit AE agus tíortha gaolmhara. D'óstáigh Cartlann Náisiúnta na Slóivéine cruinniú dhá lá ar líne i mí na Samhna 2021 ag ar cuireadh páipéir i láthair maidir le 'Coping with Covid in our Collection Care'.

### **Fóram na Fondúireachta um Shaolré Doiciméad a Bhainistiú**

- 7.9** Fóram DLM a tugadh air tráth a bhunaithe in 1997 agus is é is ról aige scrúdú a dhéanamh ar bhealaí chun an riarrachán poiblí agus an tionscal TFC a chur ag obair i gcomhar chun taifid dhigiteacha a chaomhnú. Tacaíonn Coimisiún na hEorpa agus cartlanna poiblí i mBallstáit an Aontais Eorpáigh le hobair Fhóram na Fondúireachta um Shaolré Doiciméad a Bhainistiú. Ón mbliain 2002 i leith, is comhlacht neamhspleách atá ann le comhaltaí ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach san Eoraip. Leagann sé amach caighdeáin agus treoirínte laistigh de na disciplíní a dhéileálann le cairteanna, taifid agus bainistiú ar shaolré doiciméad.

## Comhoibriú, Comhar agus Oiliúint


### Doiciméid maidir le Beartas Eachtrach na hÉireann

7.10 Is tionscadal i gcompháirt é seo idir an Chartlann Náisiúnta, an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Acadamh Ríoga na hÉireann. Foilsíonn an tionscadal rogha doiciméad a bhaineann le beartas eachtrach na hÉireann gach dara bliain. Is sa Chartlann Náisiúnta atá sé bunaithe agus ionadaíocht ag an gCartlann Náisiúnta ar an mBord Comhairleach Eagarthóireachta. In 2021, cuireadh taighde i gcrích don tréimhse 1965–1969 agus foilseofar Imleabhar XIII ina mbeidh doiciméid ó na blianta sin i mí na Samhna 2022.

### Cartlann Coimhlinte ar an Idirlíon (CAIN)

7.11 Ó 2012 i leith, tá foireann de chuid Ollscoil Uladh agus de chuid na Cartlainne Náisiúnta ag obair le chéile ar thionscadal chun rochtain saor in aisce a thabhairt ar thaifid chartlainne dhigitithe bhunaidh de chuid Rialtas na hÉireann atá á sealbhú ag an gCartlann Náisiúnta agus a bhaineann leis an gcoimhlint i dTuaisceart Éireann. Féadfar torthaí a ndícheall a fheiceáil ar láithreán gréasáin CAIN (Conflict Archive on the INternet) Ollscoil Uladh ag <http://cain.ulster.ac.uk/nai/>.

7.12 Cuireann na taifid chartlainne dhigitithe le hábhar den chineál céanna ó Oifig Taifead Poiblí Thuaisceart Éireann chun acmhainn luachmhar dhigiteach ar líne a sholáthar do thaghdeoirí atá ag lorg eolais faoin gcoimhlint agus faoin bpolaitíocht i dTuaisceart Éireann. Chomhordaigh an Coimeádaí, Cúram Bailliúcháin agus Seirbhíse Poiblí agus an Cartlannaí Sinsearach, Cúram Bailliúcháin ionchur na Cartlainne Náisiúnta le tacaíocht ón bhfoireann san Aonad Digitsithe.



Leathanach baile den suíomh  
idirlín Doiciméid maidir  
le Beartas Eachtrach na  
hÉireann – [www.difp.ie](http://www.difp.ie)

---

## **Comhoibriú, Comhar agus Oiliúint**

### **Thar 2022 Amach**

